

# Údaráis Áitiúla na Mí
# Tuarascáil Bhliantúil 2013





comhairle chontae na mí
*meath county council*

Arna chur i dtoll a chéile ag
Comhairle Chontae na Mí
Halla an Chontae
Sráid an Bhóthair Iarainn
An Uaimh
Contae na Mí
Teil: (046) 9097000
Faics: (046) 9097001
www.meath.ie
info@meathcoco.ie

# Clár na nÁbhar


Réamhrá ..... 7

Daonlathas Áitiúil ..... 9

Comhaltaí Thoghlimistéar Dhún Seachlainn ..... 9

Comhaltaí Thoghlimistéar Cheanannais ..... 10

Comhaltaí Thoghlimistéar na hUaimhe ..... 11

Comhaltaí Thoghlimistéar Bhaile Shláine ..... 12

Comhaltaí Thoghlimistéar Bhaile Átha Troim ..... 13

Pobal ..... 14

Réamhrá ..... 14

An Méid a Baineadh Amach in 2013 ..... 14

Baile Átha Troim –An Chéad Bhaile Aoisbhách de chuid na Mí ..... 14

Tionscnamh Aoisbhách Ghnó Cheanannais ..... 14

Lá Eolais Aoisbhách na Mí/Lú ..... 15

Cuimsiú Sóisialta ..... 15

Comhairle na nÓg/Dáil na nÓg ..... 16

Tionscnaimh Phobail – Mórtas Ceantair ..... 16

Comhpháirtíocht Spórt Áitiúil na Mí ..... 17

Oifigeach Rannpháirtíochta sa Spórt le Daoine faoi Mhíchumas ..... 17

Oifigeach Forbartha Spórt Pobail ..... 18

Clár na hOifige Ealaíon ..... 19

An Méid a Baineadh Amach in 2013 ..... 20

Seirbhísí Leabharlainne ..... 21

An Méid a Baineadh Amach in 2013 ..... 21
Seirbhísí Oidhreachta ..... 22
Plean Forbartha Bhaile Átha Troim 2014 - 2020 ..... 22
INTERREG IVA – Gníomh ar son na Bithéagsúlachta (Bliain 3) ..... 22
Tionscadail Phleananna Oidhreachta an Chontae 2013 ..... 22
Seirbhísí Corparáideacha ..... 26
Imeachtaí Corparáideacha ..... 26
Fáiltiú Cathartha do Bhailte Slachtmhara Mhaigh nEalta ..... 26
Ainmniú Dhroichead Ghleann na Bóinne Mary Mc Aleese ..... 27
Cór Chomhairle Chontae na Mí ..... 27
Ceanncheathrú Nua Cathartha ..... 29
Na Meáin ..... 29
Deontais Ardoideachais ..... 30
Clár na dToghthóirí ..... 30
Rialachas Corparáideach agus Bainistíocht Riosca ..... 31
Príomhfhorbairtí in 2013 ..... 32
Coiste Iniúchta ..... 33
Saoráil Faisnéise ..... 33
Sláinte agus Sábháilteacht ..... 34
Réamhrá ..... 34
An Méid a Baineadh Amach in 2013 ..... 34
Forbairt Eacnamaíoch agus Nuálaíocht ..... 36
Forbairt Eacnamaíoch ..... 36
An Méid a Baineadh Amach in 2013 ..... 36
Turasóireacht ..... 42
An Méid a Baineadh Amach in 2013 ..... 42

Seirbhísí Comhshaoil, Uisce, Éigeandála agus Dóiteáin ..... 46
Seirbhísí Uisce ..... 46
An Méid a Baineadh Amach in 2013 ..... 46
Uisce Éireann ..... 47
Príomhthionscadail faoin gClár Infheistíochta i Seirbhísí Uisce ..... 47
Clár Uisce Tuaithe ..... 49
Aonad Seirbhísí Uisce le hÓl (DWSU) ..... 50
Feidhmiú & Cothabháil (O&M) ..... 50
Aonad Seirbhísí Fuíolluisce (WWSU) ..... 50
Ceadúnais Doirte Fuíolluisce (WWDLs) ..... 50
Seirbhísí Comhshaoil ..... 51
Réamhrá ..... 51
An Méid a Baineadh Amach in 2013 ..... 51
Rialacháin maidir le Dramhbhia Teaghlaigh 2013 (Araidí Donna) ..... 51
Síneadh leis an gCosc ar Ghual Toit ..... 52
An tAcht um Sheirbhísí Uisce (Leasú) 2012 – Clárú na nUmar Múnlaigh ..... 52
An Chreat-treoir Uisce ..... 53
Treoir maidir le Bia ón AE ..... 53
Reiligí ..... 53
Oideachas Comhshaoil agus Feasachta ..... 54
Athchumrú ar Réigiúin Phleanála Bainistíochta Dramhaíola agus Pleananna Nua Bainistíochta Dramhaíola a Ullmhú ..... 55
Forbairtí eile a bhaineann leis an gComhshaol le linn 2013 ..... 55
Seirbhís Dóiteáin ..... 57
Staitisticí Dóiteáin - 2013 ..... 58
Cosaint Shibhialta ..... 61

Tithíocht ..... 62
Tacaíocht Tithíochta Sóisialta ..... 64
Measúnú ar Riachtanais Tithíochta 2013 ..... 64
Leithdháileadh Tithíochta ..... 64
Easpa Dídine ..... 64
Acmhainní Daonna ..... 65
An Méid a Baineadh Amach in 2013 ..... 65
Baill Foirne ag Filleadh ar an Obair ..... 65
Aoisliúntas ..... 66
Oiliúint ..... 67
Caidreamh Tionsclaíoch ..... 67
Faisnéis Teicneolaíochta ..... 68
Réitigh Ghnó ..... 68
Oibríochtaí TF ..... 68
Iompar agus Sábháilteacht ar Bhóithre ..... 69
Réamhrá ..... 69
An Méid a Baineadh Amach in 2013 ..... 69
Scéimeanna Iompair Inbhuanaithe ..... 70
Oideachas maidir le Sábháilteacht ar Bhóithre a chur chun cinn ..... 71
Pleanáil agus Iompar Straitéiseach ..... 72
Bainistíocht Forbartha ..... 72
Príomhiarratais Phleanála a Fuarthas nó ar ndearnadh Cinneadh ina leith le linn 2013 ..... 73
Saoráidí Scoile ..... 73
Saoráidí Spóirt nó Pobail ..... 73
Forbairtí Tithíochta ..... 73
Saoráidí Cúram Leanaí ..... 73

Cairéil ..... 73
Saoráidí Turasóireachta/Conláiste ..... 73
Saoráidí Fuinnimh/Tionsclaíocha/Tráchtála ..... 73
Próifíl Iarratais ..... 74
Ceadúnú Imeachta ..... 74
Scéim Ranníocaíochtaí Forbartha ..... 74
Pleanáil agus Forbairt Eacnamaíoch SPC ..... 74
Rialachán Cairéil ..... 75
Rialachán Pleanála a chur i bhFeidhm ..... 75
Rialacháin Fhoirgnimh ..... 75
Pleanáil Chun Cinn ..... 76
Comhairlí Baile ..... 77
Comhairle Bhaile Cheanannais ..... 77
Struchtúr agus Seirbhísí ..... 77
Príomhghníomhaíochtaí ..... 77
Tithíocht ..... 78
Iompar & Sábháilteacht ar Bhóithre ..... 78
Bainistíocht Forbartha ..... 79
Seirbhísí Comhshaoil ..... 80
Comhairle Bhaile na hUaimhe ..... 80
Príomhthionscadail ..... 81
Comhairle Bhaile Átha Troim ..... 86
Seirbhísí agus Struchtúr ..... 86
Airgeadais ..... 86
Comhshaol ..... 87
Deontais Fóntais ..... 87

Turasóireacht ........ 88

Porch Field ........ 89

Aguisín 4 – Íocaíochtaí le Comhaltaí Chomhairle Chontae na Mí ........ 90

Aguisín 7 – Cruinnithe Na Comhairle – 2013 ........ 91

Aguisín 8 – Ráiteas Airgeadais Bliantúil ........ 92

# Réamhrá



Jackie Maguire
Bainisteoir Contae



John V Farrelly
Cathaoirleach

Is le teann áthais a chuirimid i láthair, thar ceann Údaráis Áitiúla na Mí, an Tuarascáil Bhliantúil do 2013, tuarascáil ina leagtar amach na gníomhaíochtaí agus an méid atá bainte amach ag Comhairle Chontae na Mí agus ag Comhairlí Bhaile na hUaimhe, Bhaile Átha Troim agus Cheanannais.

Arís, ba bhliain chrua a bhí inti ó thaobh na heacnamaíochta di ach mar thoradh ar chur chuige éifeachtúil agus stuama maidir le bainistiú buiséid de €99.5m bhí barrachas de €2.9m bainte amach faoi dheireadh na bliana. Don cheathrú bliain as a chéile, níor tháinig aon athrú ar rátaí tráchtála sa chontae, a léiríonn tiomantas na Comhairle tacú le gnóthaí agus infheistíocht ghnó a mhealladh isteach sa chontae. Cuireadh fáilte roimh fhógraí fostaíochta a rinneadh le linn na bliana sa chontae agus bhí roinnt táscairí dearfacha le feiceáil san earnáil mhiondíola chomh maith.

Tionscnamh tábhachtach de chuid na Comhairle do 2013 ab ea seoladh Fhóram Eacnamaíoch Deonach don chontae. Faoi chathaoirleacht an Iar-Thaoisigh agus Iar-Ambasadóir ón AE chuig na Stáit Aontaithe, John Bruton, agus atá comhdhéanta de cheannairí gnó a fheidhmíonn agus/nó a chónaíonn sa chontae, cuirfidh an Fóram eolas, taithí agus saineolas ar fáil don Chomhairle féachaint le gníomhaíocht eacnamaíoch agus fostaíocht a mhéadú sa chontae. Chomh maith le comhairle agus treoir atá ar ardleibhéal a thabhairt, tá comhaltaí an Fhóraim sásta feidhmiú mar ambasadóirí don chontae agus cuidiú le teachtaireacht dhearfach a thabhairt faoi Chontae na Mí mar láthair ardchaighdeáin gnó. Chomh maith leis sin, táimid muiníneach go gcuirfidh Plean Nua Forbartha an Chontae ina bhfuil fócas ar eacnamaíocht inbhuanaithe, ar oidhreacht inbhuanaithe agus ar phobail inbhuanaithe dlús le téarnamh eacnamaíoch i gCo. na Mí.

Infheistíocht mhór ag an gComhairle in 2013 ab ea ceannach an fhoirgnimh san Uaimh a mbíodh an Comhlacht Árachais Quinn ag feidhmiú as tráth. Ceannaíodh an foirgneamh mar cheanncheathrú nua cathartha don Chomhairle. Mar thoradh ar an éadáil seo, ag costas de €5.15m, comhdhlúthófar oibríochtaí na Comhairle in aon ionad amháin. Tá oibríochtaí na Comhairle roinnte amach faoi láthair ar fud naoi láithreán éagsúla san Uaimh leis féin. Is beart é seo a dhéanfaidh sábháil mhór don Chomhairle amach anseo. Cuirfidh an tsaoráid nua-aoiseach seo staid mhaith ar fáil don Chomhairle na gníomhaíochtaí a leagtar amach sa chlár seo a sheachadadh chomh maith le fócas athnuaite a dhíriú ar sheirbhís do chustaiméirí. Táimid ag ullmhú do na struchtúir nua rialtais áitiúil a bheidh ag teacht i bhfeidhm in 2014, agus

ag ullmhú do Chlár Gnímh an Rialtais 'Tús Áite do na Daoine' a sheachadadh. Tiocfaidh deireadh le Comhairlí Baile na hUaimhe, Bhaile Átha Troim agus Cheanannais ón 1 Iúil 2014 agus bunófar sé Cheantar Bardais i gContae na Mí. Faoi láthair táimid ag ullmhú do na hathruithe seo ó thaobh riaracháin agus ó thaobh airgeadais de araon agus táimid ag súil go mór comhoibriú leis na páirtithe leasmhara ar fad chun na struchtúir nua a chur i bhfeidhm in 2014.

Cheiliúir Contae na Mí bliain an 'Tóstail' go spleodrach. Ar fud an chontae, cuireadh maoiniú ar fáil d'os cionn 50 imeacht 'Tóstail'. Glacaimid buíochas agus déanaimid comhghairdeas leis na hoibrithe deonacha iomadúla inár mbailte agus inár sráidbhailte a d'oibrigh chomh crua chun ócáidí a dhéanamh de na himeachtaí a fhanfaidh i gcuimhne na gcónaitheoirí agus na gcuairteoirí. Bhíomar thar a bheith bródúil nuair a bhain Ceanannas amach an fhéile ealaíon agus litríochta Hay, féile a bhfuil cáil idirnáisiúnta air. Thug an fhéile trí lá seo na húdair is fearr in Éirinn agus go hidirnáisiúnta le chéile agus a thug spreagadh mór do chúrsaí thurasóireachta an bhaile. Tharraing an fhéile ionann is 10,000 cuairteoir ar Cheanannas i mí Meithimh. Ba ó thar lear a bhformhór agus tá súil againn cur leis an bhféile seo in 2014.


Tá sé thar a bheith tábhachtach don Chomhairle comhpháirtíochtaí láidre a bhunú leis an bpobal agus leanaimid ag tacú lena n-iarrachtaí agus lena rannpháirtíocht i bhforbairt chláir chomhshaoil agus chultúir. Bhí ócáidí againn in 2013 a rabhamar an-bhródúil astu. Bronnadh gradam an Bhaile is Slachtmhara in Éirinn ar Mhaigh nEalta agus b'iontach an ócáid í don phobal beag sin agus ba luach saothair iontach dóibh an chéad áit a bhaint amach tar éis obair chrua agus tiomantas an phobail ar feadh na mblianta.

Ní fhéadfaidh an méid a baineadh amach, agus atá leagtha amach sa Tuarascáil Bhliantúil seo, a bhaint amach gan comhionchur ó na Comhairleoirí, ó na Cathaoirligh agus ó Chomhaltaí Choistí na mBeartas Straitéiseach, ó na Coistí Ceantair agus ón bhfoireann bainistíochta agus foirne oibre, chomh maith le tacaíocht ó na heagraíochtaí deonacha agus an pobal.

Ba bhliain dhúshlánach a bhí in 2013 agus gan amhras tá dúshláin fós le sárú ag an gContae agus ag saoránaigh an Chontae. Ainneoin sin, táimid ag súil leis na dúshláin sin a shárú sa bhliain amach romhainn agus comhoibriú lena chéile chun áit níos fearr a dhéanamh de Chontae na Mí do dhaoine ar mian leo maireachtáil ann, d'infheistíocht a dhéanamh ann nó cuairt a thabhairt air.

# Daonlathas Áitiúil



## Comhaltaí Thoghlimistéar Dhún Seachlainn

| | | |
|---|---|---|
|  | Gerry O'Connor<br>23 The Downs,<br>Dunshaughlin (F.G.)<br>E-Mail:<br>goconnor@members.meathcoco.ie | 01-8259034<br>087-2838311 (mobile) |
|  | Joseph Bonner<br>Donaghmore, Ashbourne (Non-Party)<br>E-Mail:<br>jbonner@members.meathcoco.ie | 087- 974 9563 (mobile) |
|  | Niamh McGowan<br>3 Hunter's Lane<br>Ashbourne (Labour)<br>E-Mail:<br>nmcgowan@members.meathcoco.ie | 086-2244666 (mobile) |
|  | Brian Fitzgerald<br>Warrenstown, Kilcock (Non Party)<br>E-Mail:<br>BFitzgerald@members.meathcoco.ie | 01-8251847 (h)<br>087-2508247 (mobile) |
|  | Nick Killian<br>Ballybin, Ratoath, Ashbourne (F.F.)<br>E-Mail:<br>nkillian@members.meathcoco.ie | 01-8256700 (h)<br>01-8256055 (fax)<br>087-2596753 |
|  | Noel Leonard<br>4 St. Patrick's Park, Dunboyne (F.F.)<br>E-Mail:<br>nleonard@members.meathcoco.ie | 01-8251216 (h)<br><br>087-2345186 |
|  | Maria Murphy<br>3 The Close<br>Lutterell Hall<br>Dunboyne (F.G.)<br>E-Mail:<br>mariamurphy@members.meathcoco.ie | 01-8252182<br>087-6579895 |


# Comhaltaí Thoghlimistéar Cheanannais

| | | |
|---|---|---|
|  | Eugene Cassidy<br>Possextown, Nobber (F.G.)<br>E-Mail:<br>ecassidy@members.meathcoco.ie | 046-9052116 (h)<br><br>086 3717686 (mobile) |
|  | John V Farrelly<br>Hurdlestown, Kells (F.G.)<br>E-Mail:<br>jfarrelly@members.meathcoco.ie | 046-9241290 (h)<br>046-9073737 (w)<br>086-2585154 (mobile) |
|  | Catherine Yore<br>The Rock<br>Rathendrick<br>Carnaross, Kells (F.G.)<br>E-Mail:<br>cyore@members.meathcoco.ie | 046-9245047<br>086-3919003 |
|  | Oliver Fox<br>Cogan St<br>Oldcastle (F.F.)<br>E-Mail:<br>ofox@members.meathcoco.ie | 049-8542774<br>087-2795741 |
|  | Bryan Reilly<br>Rockfield Road, Kells (F.F.)<br>E-mail:<br>breilly@members.meathcoco.ie | 046 9240122 (w)<br>086-2599184 (mobile) |

# Comhaltaí Thoghlimistéar na hUaimhe

| | | |
|---|---|---|
|  | Francis Deane<br>5 Blackwater Drive<br>Navan<br>(Non-Party)<br>E-Mail:<br>fdeane@members.meathcoco.ie | 046-9023696(H)<br>046-9022587(W)<br>086-1234856(M) |
|  | Shane Cassells<br>52 Oakleigh, Navan, Co. Meath.<br>(F.F.)<br>E-Mail:<br>scassells@members.meathcoco.ie | 01-8407107 (w)<br>086-3399198 (mobile) |
|  | Suzanne Jamal<br>Flemington<br>Balrath, Navan<br>(F.G.)<br>E-Mail:<br>sjamal@members.meathcoco.ie | 041-9825567<br>087-7971297 |
|  | Jim Holloway<br>Farganstown, Navan<br>(F.G.)<br>E-Mail:<br>jholloway@members.meathcoco.ie | 046-9028661 (h)<br>086-2355236 (mobile) |
|  | Jenny McHugh<br>Laracor<br>Trim<br>(F.F.)<br>E-Mail:<br>jmchugh@members.meathcoco.ie | 046-9431775<br>086-0414217 |
|  | Joe Reilly<br>Faughan Hill, Bohermeen, Navan<br>(S.F.)<br>E-Mail:<br>joereilly@members.meathcoco.ie | 046-9028392 (h)<br>046-9021345 (w)<br>087-2478508 (mobile) |
|  | Tommy Reilly<br>Ardsallagh, Navan<br>(F.F.)<br>E-Mail:<br>TommyReilly@members.meathcoco.ie | 046-9027588 (w)<br>087-7450149(mobile) |

# Comhaltaí Thoghlimistéar Bhaile Shláine

| | | |
|---|---|---|
|  | Sirena Campbell<br>Smithstown<br>Julianstown<br>(F.G.)<br>E-Mail: scampbell@members.meathcoco.ie | 087-6444681 |
|  | Jimmy Cudden<br>23 St. Cianan's Villas, Duleek<br>(Non-Party)<br>E-Mail:<br>jcudden@members.meathcoco.ie | 041-9823353 (H)<br>086-8246484<br>(mobile) |
|  | Anne Dillon-Gallagher<br>Loughbracken, Drumconrath, Navan (F.G.)<br>E-Mail: adgallagher@members.meathcoco.ie | 041-6854487 (h)<br>086-8800866 |
|  | Eoin Holmes<br>Blackhill, Heathstown, Stanmullen<br>(Labour)<br>E-Mail:<br>EHolmes@members.meathcoco.ie | 087 224 2765 |
|  | Arian Keogan<br>Main Street,<br>Duleek<br>(Non-Party)<br>Email:<br>akeogan@members.meathcoco.ie | 041 9880523 |
|  | Wayne Harding<br>The Village Inn<br>Slane<br>(F.F.)<br>E-Mail:<br>wharding@members.meathcoco.ie | 041-9824230<br>087-7446730 |

# Comhaltaí Thoghlimistéar Bhaile Átha Troim

| | | |
|---|---|---|
|  | Joe Fox<br>Clondoogan,<br>Summerhill,<br>Trim (F.G.)<br>E-Mail:<br>jfox@members.meathcoco.ie | 046-9557545<br>087-2631318 |
|  | William Carey<br>Newcastle, Enfield (F.G.)<br>E-Mail:<br>wcarey@members.meathcoco.ie | 046-9541064 (w)<br>085-7135073 (mobile) |
|  | Jimmy Fegan<br>Clonfane, Trim (F.F.)<br>E-Mail:<br>jfegan@members.meathcoco.ie | 046-9431146 (w)<br>087-2797060 (mobile) |
|  | Tracy McElhinney<br>Ballivor (Labour)<br>E-Mail:<br>tmcelhinney@members.meathcoco.ie | 046-9567641<br>086-8781785 |

# Pobal

## Réamhrá

Déanann an Roinn Pobail réimse leathan clár agus seirbhísí a fhorbairt agus a chur chun cinn a mhúsclaíonn daoine chun páirt a ghlacadh i ngníomhaíocht agus i bhforbairt phobail; agus chun oibriú lena chéile laistigh den Chomhairle, le pobail agus le páirtithe leasmhara, chun pobail inbhuanaithe, muiníneacha a thógáil.

Leanann an tAonad um Chuimsiú Sóisialta atá maoinithe i bpáirt ag an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil (DECLG) ag tacú le huilechuimsitheacht shóisialta a leathnú agus a leabú in Údaráis Áitiúla na Mí.

## An Méid a Baineadh Amach in 2013

Tá dul chun cinn mór déanta ag an tionscnamh Contae Aoisbháúil ó seoladh é i Meán Fómhair 2011. Tá sé mar aidhm ag an tionscnamh daoine scothaosta agus saoránaigh an Chontae ar fad a ghníomhú chun a bpobail a fheabhsú, agus a dhéanamh níos sábháilte agus níos sláintiúla do dhaoine scothaosta chun maireachtáil agus chun rathú iontu. Tá Fóram Daoine Scothaosta bunaithe i gcomhar le Comhpháirtíocht na Mí (Líonra Laterlife) chun cuidiú leis an Straitéis a chur i bhfeidhm, a thugann glór do dhaoine scothaosta i gContae na Mí.

Tá trí Ghrúpa Oibre cruthaithe ag an gComhaontas Aoisbhách chun cuspóirí na Straitéise a chur i bhfeidhm.

- Grúpa Oibre Iompair.
- Grúpa Oibre Slándála & Tithíochta (Clár Ambasadóirí um Choireacht a Chosc).
- Grúpa Oibre Cumarsáide & Faisnéise.

## Baile Átha Troim –An Chéad Bhaile Aoisbhách de chuid na Mí

Ta pleanálaí faighte ag an gComhaontas Aoisbhách le cabhair ó Chomhairle Chontae na Mí agus ón Líonra don Aosú Folláin chun cuidiú leo Baile Aoisbhách a dhéanamh de Bhaile Átha Troim. Tá Grúpa Stiúrtha bunaithe chun oibriú lena chéile ar an Tionscnamh seo. Tá sé mar aidhm baile a chruthú ina dtuigeann agus ina bhfreagraíonn an pobal do riachtanais dhaoine scothaosta lena n-áirítear iadsan a bhfuil néaltrú ag dul dóibh.

## Tionscnamh Aoisbhách Ghnó Cheanannais

Seoladh an tionscnamh seo, De hAoine, an 15 Samhain i gCeanannas. Tionscnamh i gcomhar é seo idir Comhairle Chontae na Mí agus Comhlachas Cheantar Cheanannais faoi Chlár Aoisbhách Chontae na Mí.

## Lá Eolais Aoisbhách na Mí/Lú

Imeacht eolais 'Cúram & Roinnt' chun eolas atá chun dáta a chur ar fáil do cheantar na Mí Thoir agus Lú Theas. Eagraíodh an imeacht seo i mí na Samhna 2013, agus fuarthas aiseolas dearfach ar an imeacht.

## Cuimsiú Sóisialta

Lean Grúpa Oibre Beartas do Chuimsiú Sóisialta ag eagrú cruinnithe agus ag cruthú comhaontas i rith na bliana. Eagraíodh seachtain chuimsithe shóisialta, ar éirigh thar barr leis, i nDeireadh Fómhair mar thoradh ar líonrú agus ar ghníomhaíochtaí foghrúpaí a bunaíodh faoi Ghrúpa Oibre Beartas do Chuimsiú Sóisialta foriomlán. I measc na n-imeachtaí ar tacaíodh leo i rith na bliana bhí an imeacht a cuireadh ar bun chun feasacht maidir le foréigean teaghlaigh a chur chun cinn chomh maith leis na tacaíochtaí atá ar fáil trí Thearmann do Mhná na Mí.

Cultúr – Grúpa forbartha pobail áitiúil arna maoiniú ag Oifig an Aire Lánpháirtíochta trí Chomhairle Chontae na Mí. Cuireann an grúpa seirbhís eolais, clár teanga Béarla agus cabhair ghinearálta ar fáil d'imircigh.

Leantar le gníomhaíochtaí na Straitéise Idirghníomhaireachta do Thaistealaithe a chur i bhfeidhm – 'Saol na dTaistealaithe a Fheabhsú le Chéile' 2010 – 2013. Fuarthas maoiniú ón Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais chun Taispeántas Stair Shaol na dTaistealaithe a chur ar bun. Thug an taispeántas cuairt ar 5 scoil, scoil amháin i ngach ceann de thoghcheantair na Mí.

Leanann leis an rath ar Thionscnamh Fostaíochta Thaistealaithe na Mí i gcuidiú le taistealaithe óga ullmhú do agus teacht ar fhostaíocht. Is príomhchlár an Tionscadal seo anois ag an Roinn Coimirce Sóisialaí de bharr gur éirigh chomh maith sin leis mar scéim phíolótach i gContae na Mí.

San áireamh i dtionscnaimh eile:

- Gníomhaíochtaí Fóraim Pobail & Deonacha lena n-áirítear oiliúint d'Oifigigh Cosanta Sibhialta i dtrealamh dífhibrileora a úsáid agus lá eolais do dhaoine dífhostaithe a bhí ar bun in Ionad Pobail Dhún Seachlainn le tacaíocht ó ghníomhaireachtaí go leor eile.
- Chuir an Fóram maoiniú ar fáil agus ghlac páirt san imeacht Pobail Chórúil a bhí ar siúl ar Chnoc na Teamhrach le linn Fhéile Bhealtaine sa mBealtaine.
- Scéim Aláraim Deataigh le haghaidh na mBodhar & Daoine Lagéisteachta – tionscnamh píolótach maoinithe ag an Roinn Comhshaoil, Pobail & Rialtais Áitiúla a bhfuil tús curtha leis i gContae na Mí. Ceadóidh sé seo don Rannóg Pobail 20 córas aláraim speisialta a roinnt ar theaghlaigh leochaileacha.
- 'Buidéil Cuisneora' a scaipeadh ar dhaoine scothaosta.

## Comhairle na nÓg/Dáil na nÓg

D'eagraigh Comhairle na nÓg i gContae na Mí, Cruinniú Cinn Bhliana, ar éirigh thar barr leis, an 18 Deireadh Fómhair 2013, ag Cumann Peile Gael Bhaile Shíomóin, An Uaimh. D'fhreastail os cionn céad fiche duine óg as gach aird i gContae na Mí ar an ócáid, ag déanamh ionadaíochta ar gach aois idir 12 – 18 agus as gach ceantar de Chontae na Mí.

Bhí deis ag daoine óga ceisteanna a chur ar roinnt Comhairleoirí, ar Theachtaí Dála, ar Sheanadóirí agus ar Fheisirí de Pharlaimint na hEorpa maidir le saincheisteanna atá tábhachtach agus a bhaineann le daoine óga a chónaíonn i gContae na Mí. Léirigh an Cruinniú Cinn Bhliana tiomantas Chomhairle Chontae na Mí agus Bhord Forbartha an Chontae i ndáil le Comhairle Óg na Mí.

I mbliana, toghadh 18 nduine óg as an gContae le cois na mball atá ann cheana. Tá 33 ball ina iomláine anois ann. Déanann baill Chomhairle na nÓg i gCo. na Mí ionadaíocht ar na limistéir ar fad, tuaithe agus uirbeacha araon i gContae na Mí.

Tá Comhairle na nÓg ag obair ar thionscadal a scrúdaíonn éagsúlacht áiseanna don óige i gContae na Mí. D'eagraigh an Chomhairle roinnt grúpaí fócais sa Seanchaisleán agus san Uaimh, agus thug cuairt ar áis don óige i gCathair Chorcaí a mbíonn an óige ina bhun agus ina cheannas. Leanfar leis an tionscadal seo in 2014.

Tá páirt glactha ag daoine óga i roinnt comhairliúchán cosúil le Anailís Riachtanas Choiste Seirbhísí Leanaí na Mí, Plean Forbartha Ceantair Áitiúil na Mí 2014 -2020, Painéal Comhairliúcháin Óige Jigsaw na Mí, Coiste Comhpháirtíochta Cheanannais, Lá Óige Léargas na hEorpa, Tionscnamh Eolais Óige Chónaidhm Óige na Mí, comhairliúchán na Roinne Oideachais agus comhairliúcháin na Roinne Sláinte agus Leanaí.

## Tionscnaimh Phobail – Mórtas Ceantair

Leanadh le tionscadail Phobail Chomhairle Chontae na Mí in 2013, trí na scéimeanna - Mórtas Ceantair, an Conradh Frithbhruscair, Scéim Feabhsaithe Cheanannais agus trí Ghradaim Mhórtas Cine na Scoileanna. Cuireann an clár sraith tionscadal comhshaoil agus cáilíocht na beatha ar fáil a spreagann, a aithníonn agus a chuireann luach saothair ar fáil do ghrúpaí pobail gníomhacha, do scoileanna agus do dhaoine a ghlacann páirt i dtionscadail fhorbartha agus fheabhsaithe phobail ina gceantair féin.

In 2013, ghlac os cionn 140 grúpa ar fud na tíre páirt i dtionscadail faoin mbrat-tionscadal Mórtas Cine, le 35 scoil ag glacadh páirte i gComórtais Scoile agus tá stádas Scoil Ghlas bainte amach ag 80% de scoileanna na Mí.

I gcaitheamh 2013, thóg grúpaí go leor páirt i bhforbairt pleananna dá gceantair le cabhair ó gharraíodóir tírdhreacha. Ceadaíonn na pleananna dóibh a gceantar féin a fhorbairt ar bhealach ciallmhar agus chun maoiniú a tharraingt anuas ó eagraíochtaí eile.

Chuir an Chomhairle ceithre ghrúpa chun cinn chun páirt a ghlacadh i Scéim Ghradam Mhórtas Cine na hÉireann, inar éirigh le 2 ghrúpa gradaim náisiúnta a bhaint amach.

Chuidigh an Chomhairle le Cumann Forbartha Ceantair Bhaile Iúiliáin lena n-iontráil ar na Gradaim Idirnáisiúnta do Phobail Inbhuanaithe, LivCom, 2013. Bhí na babhtaí ceannais ar siúl in Xiamen na Síne i mí na Samhna. Ghlac Baile Iúiliáin páirt i 2 chatagóir.

Chuir Scéim Deontas Pobail Bhaile Chearráin €211,000 maoiniú ar fáil do 19 dtionscadal cáilithe sa cheantar in 2013, go leor díobh atá anois ar siúl. Is díol suntais faoi leith an síneadh atá curtha leis an gcosán siúil soilsithe ó shaoráid Indaver chomh fada leis an sráidbhaile, a thugann bealach siúil atá 5km ar fhad agus a mbaineann muintir na háite agus cuairteoirí go leor úsáide as i gcaitheamh na bliana.

Siúlóirí Madraí a bhfuil meas acu ar an timpeallacht – Tá Comhairle Chontae na Mí agus Údaráis Áitiúla Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath ag obair as láimh a chéile le Feachtais Siúlóirí Madraí a bhfuil meas acu ar an timpeallacht a chur i bhfeidhm. Reáchtáladh an feachtas ar dtús i Falkirk na hAlban. Tá Comhairle Chontae na Mí an-sásta a bheith páirteach sa chlár réigiúnach seo agus comhoibriú leis na hÚdaráis Áitiúla atá in aice láimhe linn – Baile Átha Cliath Theas, Dún Laoghaire – Ráth an Dúin, Fine Gall agus Cill Mhantáin i gcur chun cinn an tionscnaimh seo.



*Cathaoirleach, an Comhairleoir Niamh McGowan ag seoladh feachtas Siúlóirí Madraí a bhfuil meas acu ar an timpeallacht i gCill Dhéagláin*

# Comhpháirtíocht Spórt Áitiúil na Mí

## Oifigeach Rannpháirtíochta sa Spórt le Daoine faoi Mhíchumas

Tá deiseanna gníomhaíocha coirp agus spóirt curtha ar fáil ag an Oifigeach Rannpháirtíochta sa Spórt do Dhaoine faoi

Míchumas d'os cionn 300 leanbh faoi mhíchumas i gContae na Mí. Buaicphointí in 2013 ab ea na Cláir *Learn2 Cycle* agus *Hockey 4All.*

Is é aidhm lárnach an chláir *Learn2Cycle*, múineadh do gach leanbh le rothaíocht astu féin. Tá rothaíocht ríthábhachtach chun leanaí a chuimsiú i ngníomhaíochtaí caithimh aimsire agus d'fhoghlaim 30 leanbh faoi mhíchumas chun rothaíocht gan aon stró in 2013. Tá an scil fad saoil seo riachtanach do chuimsiú sóisialta leanaí faoi mhíchumas.

Cuireadh tús leis an gcéad chlár píolótach Náisiúnta den chlár *hockey4All* a eagraíodh i gcomhar le Cumann Haca na hÉireann, san Uaimh, an 11 Bealtaine 2013. Léiríodh go raibh an-rath ar an gclár leis an 20 leanbh faoi mhíchumas a ghlac páirt sa seisiún oiliúna seachtainiúil. Cuireadh an clár ar an ngearrliosta do mhaoiniú agus fuair an clár maoiniú ó dhámhachtain sparántachta Chomóradh 50 Bliain Náisiúnta SPAR. Roghnaíodh an clár *Hockey4All* bunaithe ar an méid a chuireann an clár ar fáil do phobail áitiúla.

Cuireadh an chéad chúrsa Oiliúna Cuimsithe Míchumais do mhúinteoirí agus do chóitseálaithe ar bun i mí na Samhna. Tá an tOifigeach Rannpháirtíochta sa Spórt do Dhaoine faoi Mhíchumas atá ag Comhpháirtíocht Áitiúil Spóirt na Mí (LSP), ar dhuine de 6 theagascóir in Éirinn atá oilte a chun an cúrsa seo a chur ar fáil.

## Oifigeach Forbartha Spórt Pobail

Turas Rothaíochta Oidhreacht na Mí – An Post – ghlac 32,000 rothaí páirt sa tionscnamh seo a bhí ar siúl ar fud na tíre le linn an deiridh seachtaine an 27 agus an 28 Iúil. Ba í seo an cúigiú bliain ag an turas rothaíochta, a thosaigh in 2009 le 350 rothaí ag glacadh páirte. Meastar gur fiú tuairim is €1,520,600 an turas do Chontae na Mí. Mar chuid de thionscnamh an Tóstail, ghlac 178 cuairteoir ó thar lear páirt sa turas rothaíochta.

Rinne Teilifís na hÉireann tuairisciú ar an turas thar ceann Sky.

Ag cur leis an rath a bhain le Siúl *Operation Transformation* (O.T.), cuireadh clár nua siúil pobail, *Walk4 Fitness*, ar bun ar bhonn píolótach i 3 cheantar - An Uaimh, Ceanannas agus Cill Táile - le 62 duine fásta ag tabhairt aghaidh ar an aimsir sa gheimhreadh agus ag fáil níos aclaí trí dul ag siúl. Tuairiscíodh sna meáin náisiúnta ar an siúl O.T. a cuireadh ar bun arís i mí Eanáirar chlár teilifíse le RTÉ.

Leanann an tionscnamh Mná sa Spórt ag leathnú, le réimsí nua san áireamh in 2013. Ghlac os cionn 1500 bean páirt sa chlár earraigh/samhraidh.

In Earrach na bliana 2013, bhí níos mó agus níos mó éilimh ar an gclár *Learn 2 Run*. Eagraíodh é i dhá áit nua - Páirc na hAbhann Duibhe, Baile na Gaoithe agus Dún Seachlainn chomh maith leis an Uaimh, Ceanannas agus Cill Táile. Ghlac 225 bogshodaire agus reathaí páirt sa chlár 10 seachtaine oiliúna agus ba é a gcéad dhúshlán an rás Ríoga 5k i gCeanannas a chríochnú.

Chuir an Clár Sábháilteachta Rothaíochta Scoile oiliúint ar fáil i rothaíocht shábháilte do 1312 leanbh bunscoile in 2013. Tá 54% de bhunscoileanna na Mí (64 as 118) páirteach go gníomhach sa chlár seo a chuireann sábháilteacht rothaíochta chun cinn.

I measc na gclár do dhaoine fásta scothaosta in 2013, áirítear *Mature Movers* (atá anois ar siúl i mBaile Átha Buí, Ceanannas, An Uaimh, Dún Seachlainn agus i mBaile Átha Troim), *Fitness Made Easy* (clár atá bunaithe sa spórtlann), *Easy Movers*(clár gníomhaíochta coirp dóibhsean le luail coirp lagaithe), *Walk 4 Fitness, Fleet Feet* (clár siúil faoi dhíon) agus *Games for Life*. Arís eile, bhí foireann Daoine Fásta Scothaosta ó Chontae na Mí san iomaíocht i mbabhta ceannais na gcluichí *Go for Life* i mBaile Átha Cliath. Ghlac os cionn 1200 duine fásta scothaosta, iadsan faoi1 mhíchumas san áireamh, páirt inár gcláir in 2013, ardú de 20% ar 2012.

# Clár na hOifige Ealaíon

Is é an beartas agus an misean atá ag Oifig Ealaíon Chomhairle Chontae na Mí 'cur leis an teacht atá ag an bpobal ar fad ar na healaíona, suim agus feasacht sna healaíona a spreagadh agus a chur chun cinn, cur le rannpháirtíocht sna healaíona, agus aitheantas a thabhairt do thábhacht na n-ealaíon i réimsí forbartha pearsanta, forbartha pobail, fostaíochta agus turasóireachta'. Leanann an Oifig Ealaíon ag cur príomhaidhmeanna agus cuspóirí i bhfeidhm ag teacht le Beartas Straitéiseach Ealaíon na Comhairle.

# An Méid a Baineadh Amach in 2013

- Clár oiliúna agus meantóireachta d'ealaíontóirí proifisiúnta FÉACH a chur i bhfeidhm i gcomhpháirtíocht le hEalaíontóirí Amhairc na hÉireann, le hIonad Scríbhneoirí na hÉireann agus leis an gComhairle Ealaíon.
- Gné nua de Scéim an Chéatadáin do na hEalaíona *'At the End of the Day'* le Patrick Barry Knightsbrook, tógtha ag timpeallán i mBaile Átha Troim.
- Ocht dtaispeántas reáchtáilte ag Dánlann Toradh, Ionad Cultúrtha Chill Dhéagláin.
- Féile Ealaíon Bhealtaine a chur i bhfeidhm ar fud na tíre.
- 'An Scéim Compánach Cultúrtha' i gcomhpháirtíocht le hIonad Ealaíon *Solstice* agus Aois agus Deis a thabhairt isteach.
- Féile Ealaíon do Leanaí 'Menagerie Mayhem', Cáisc 2013.
- 'Pucas and Potions' Féile Ealaíon do Leanaí, a chur i bhfeidhm Oíche Shamhna 2013.
- Tacú le féile Typetrail Cheanannais agus le himeachtaí imeallacha ag Féile Liteartha Hay, Ceanannas.
- Tionscadal ealaíon pobail a chur i bhfeidhm m.sh. Club gan Ainm Bhaile Átha Buí/Ealaín Cheirmigh Ann Hugh do Bhaile Átha Buí.
- Leagan amach agus bainistiú gnéithe de Shéasúr Liteartha Mary Lavin 2013, i gcomhpháirtíocht le Seirbhísí Leabharlann an Chontae, le hIonad Ealaíon *Solstice*, le hÓstán Theach Bellinter agus leis an gComhairle Ealaíon.
- I mbun eagraithe ar an gcéad Siompóisiam Ceoil Idirnáisiúnta de chuid na hÉireann ' Ceol agus Cúram Sláinte' i gcomhpháirtíocht le hInstitiúid Teicneolaíochta Dhún Dealgan (DKIT).
- An chéad léiriú ar *'Chronicles of Meath'* píosa nua Ensemble Cláirsí (Scéim an Chéatadáin le do na hEalaíona).
- Tionscadal Ealaíne Poiblí *Indaver* a bhainistiú, cláir scoile agus pobail le healaíontóirí a bhain gradaim amach a chur i bhfeidhm.
- Leanúint leis an gclár for-rochtana le Ceolfhoireann Shiansach Náisiúnta RTÉ agus le Ceolfhoireann Óige Bhaile Iúiliáin.
- Tionscadail leanúnacha Scéime an Chéatadáin do na hEalaíona a bhainistiú.

# Seirbhísí Leabharlainne

## An Méid a Baineadh Amach in 2013

- Mórobair athchóirithe ar Leabharlann Cheanannais, a d'athoscail ag an am céanna le Féile Liteartha Hay i Meitheamh, 2013.
- Ag freastal do chaoga trí grúpa/imeacht/ gníomhaíocht ar bhonn seachtainiúil in Ionad Cultúrtha agus Leabharlann Chill Dhéagláin.
- Seirbhís Wi-Fi tugtha isteach i nDún Seachlainn agus i Seanchaisleán.
- Córas áirithinte PC tugtha isteach i Leabharlann Bhaile Átha Troim.
- Ardú de 7% ar an líon cuairteanna a tugadh ar Ionad Cultúrtha agus Leabharlann Chill Dhéagláin ón mbliain roimhe sin.
- An líon eagrán ina n-iomláine ó Leabharlanna na Mí, le bheith níos mó ná 560,000 in 2013.
- Siopa Leabhar Leabhar Cheanannais forbartha i gcomhpháirtíocht le Comhlachas Tráchtála Cheanannais.
- D'fhorbair, chláraigh agus láithrigh Séasúr Mary Lavin 2013, i gcomhpháirtíocht leis an Oifig Ealaíon agus le hIonad Ealaíon Ghrianstad.
- Údair le haitheantas idirnáisiúnta lena n-áirítear Derek Landy agus Andrew Lane a bhí mar phríomhúdair ag Féile Leabhar na Leanaí i nDeireadh Fómhair. Eagraíodh 87 imeacht ar fud an Chontae le sé cinn déag d'údair ag tabhairt cuairte ar an gcontae. D'fhreastail os cionn 4,500 leanbh ar imeachtaí a d'eagraigh foireann na leabharlainne, is imeacht é seo atá anois ar an bpríomhimeacht cultúrtha do leanaí i gContae na Mí.
- D'fhoilsigh Ainmneacha Páirceanna Chontae na Mí i gcomhpháirtíocht le Feirmeoirí Aontaithe na hÉireann (IFA) agus le Cumann Staire agus Seandálaíochta na Mí.
- D'fhoilsigh Polaitíocht agus Cogadh i gContae na Mí 1913 – 1923.
- Atheagrú agus athsheoladh ar Sheirbhís Scoileanna.

# Seirbhísí Oidhreachta

## Plean Forbartha Bhaile Átha Troim 2014 - 2020

Thug eolais maidir le cúrsaí oidhreachta, turasóireachta agus infreastruchtúr glas nuair a bhí Plean Forbartha Bhaile Átha Troim 2014 – 2020 á ullmhú.

## INTERREG IVA – Gníomh ar son na Bithéagsúlachta (Bliain 3)

Is iad príomhchuspóirí an tionscadail trasteorann seo ná tógáil ar na hacmhainní taobh istigh de na húdaráis áitiúla, ag múscailt feasachta agus tuisceana, bithéagsúlacht feabhsaithe agus caomhantais.

Tháinig an grúpa stiúrtha tionscadail le chéile gach mí i rith 2013. Agus cuireadh roinnt tionscadal chun cinn i gcomhar leis na hOifigigh Tionscadail, lena n-áirítear Comhdháil ar Chomhoibriú lena Chéile ar son na Bithéagsúlachta a bhaint amach ar fud na hÉireann, Lá Spraoi Réigiúnach na dTeaghlach, d'fhoilsigh an Creat Réigiúnach Bithéagsúlachta, d'fhorbair agus chuir Plean Cumarsáide ar fáil le haghaidh na Bithéagsúlachta agus thug cúig thionscadal réigiúnach chun críche. I measc na dtionscadal áitiúil a tugadh chun críche i gContae na Mí áirítear Suirbhé Hidreolaíochta ar Phortach na Greallaí, Painéil Léiritheacha do Pháirc Dhealgan agus do Choimín Dhamhliag agus Tionscadal Creimeadh Cósta.

## Tionscadail Phleananna Oidhreachta an Chontae 2013

Tugadh na tionscadail a leanas chun críche in 2013 mar chuid de Phlean Oidhreachta an Chontae le tacaíocht ón gComhairle Oidhreachta:

### Clár Feasachta Oidhreacht na Mí 2013

Forbraíodh agus cuireadh ar fáil na tionscadail a leanas chun feasacht oidhreachta a ardú:

**a) Cumhacht, Paidreoireacht agus Seandálaíocht Phoiblí - ag ceiliúradh 750 bliain ó bunaíodh an Mhainistir Dhubh, Baile Átha Troim.**

Comhdháil dhá lá le cainteoirí náisiúnta agus idirnáisiúnta a bhí ar siúl i mBaile Átha Troim in Iúil 2013.

**b) Scéim Deontais na Seachtaine Oidhreachta**

Seoladh scéim deontais chun grúpaí pobail a spreagadh chun imeachtaí a eagrú le linn na Seachtaine Oidhreachta. Cuireadh maoiniú ar fáil do cheithre imeacht déag agus foilsíodh bróisiúr inar tugadh cuntas ar na himeachtaí ar fad sa chontae.

**c) My Tara - Tionscadal Poiblí Ealaíne - Taighde (Céim 2)**

I gcomhpháirtíocht le hOifig Ealaíon na Mí, coimisiúnaíodh Michael Fortune (Ealaíontóir) chun foilseachán nua fótagrafach a chur ar fáil a bhí bunaithe ar thaithí daoine ar an suíomh agus ar an áit. Tugadh céim na hoibre seachtraí agus céim an dréachtfhoilseacháin chun críche in 2013.

**d) Féile Bhaile Múrtha Bhaile Átha Troim - Seachtain Oidhreachta 2013**

Thacaigh an Chomhairle Oidhreachta le gnéithe d'Fhéile Bhaile Múrtha Bhaile Átha Troim le linn na Seachtaine Oidhreachta 2013.

**e) Taispeántas Ghleann na Bóinne i mBailiúchán Albert Kahn (1913)**

I gcomhpháirtíocht le hIonad Ealaíon Droichead, le hOifig na nOibreacha Poiblí (OPW), leis an tSeirbhís Séadchomharthaí Náisiúnta, le Comhairle Bhuirg Dhroichead Átha agus le Comhairle Chontae Lú, cuireadh taispeántas ar bun de cheann de na bailiúcháin grianghraf daite is luaithe a tógadh in Éirinn, ón 27 Meitheamh go 31 Lúnasa in Ionad Ealaíon Droichead in 2013. Chomh maith leis sin, eagraíodh clár cainte, ceardlanna agus léachtaí ag an am céanna leis an taispeántas.

## Tionscnaimh foghlama oidhreachta cultúrtha a chur chun cinn i gContae na Mí

Ba é aidhm an tionscadail seo, comhpháirtíochtaí straitéiseacha a bhí i bhfeidhm cheana a fhorbairt agus Contae na Mí a chur chun cinn mar áit do mhic léinn ó thar lear chun taithí a fháil ar sheandálaíocht agus ar réimse bainistíochta acmhainne cultúrtha trí Thionscadal Seandálaíochta Phobal na Mainistreach Duibhe

Leanadh leis an obair in 2013 ar thochaltáin na Mainistreach Duibhe i mBaile Átha Troim. Tháinig an coiste teagmhála pobail le chéile trí huaire agus an coiste acadúil le chéile faoi dhó. Bhí an tionscadal san áireamh i leabhar an *National Geographic, 100 Places That Can Change Your Child's Life*. Cuireadh roinnt imeachtaí feasachta ar bun chun suim an phobail a mhúscailt sa tionscadal, lena n-áirítear cainteanna agus laethanta oscailte. Cuireadh an tionscadal i láthair ag Cruinniú Bliantúil Chumann Eorpach na Seandálaithe. Dearadh agus cuireadh suas painéal léiritheach ar an suíomh.

## Grúpa Oibre Thurasóireacht Chultúrtha Chomhairle Chontae na Mí

I gcomhpháirtíocht le Turasóireacht na Mí, rinne athbhreithniú ar thionscnaimh oidhreachta chultúrtha Chomhairle Chontae na Mí agus pléadh foilseachán cultúrtha.

## Comhairle oidhreachta maidir le pleananna, le tionscadail agus don phobal

Comhairle leanúnach  oidhreachta ar atreorú pleanála, don phobal agus do ghrúpaí pobail i gContae na Mí.

## Ball den Choiste Náisiúnta Straitéise Tírdhreacha

Eagraíodh dhá chruinniú in 2013 chun comhairle a thabhairt maidir le hullmhú na Straitéise Náisiúnta Tírdhreacha.

## Plean Bainistíochta agus Caomhantais maidir le Tailte faoi Úinéireacht an Stáit ag Cnoc na Teamhrach

Eagraíodh dhá chruinniú leis an gClár Fionnachtana, leis an gComhairle Oidhreachta, le hOifig na nOibreacha Poiblí, agus leis an Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta faoi Phlean Caomhantais a ullmhú maidir le Tailte faoi Úinéireacht an Stáit ag Cnoc na Teamhrach agus le hathbhreithniú a dhéanamh ar an dréachtphlean.

## Páipéir Chomhdhála a Iarradh in 2013

| | |
|---|---|
| **Comhdháil:** | **Ceantar Abhantrach an Oirthir – Ceardlann Bithéagsúlachta** |
| **Dáta:** | Márta 2013 |
| **Ionad:** | Baile Átha Cliath |
| **Teideal:** | Gníomh ar son na Bithéagsúlachta |

| | |
|---|---|
| **Comhdháil:** | **Seimineár Oidhreachta Domhanda na Roinne Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta** |
| **Dáta:** | Meán Fómhair 2013 |
| **Ionad:** | Caisleán Bhaile Átha Cliath |
| **Teideal:** | Suíomh Oidhreachta Domhanda UNESCO Bhrú na Bóinne – Dearcadh Údaráis Áitiúil |

| | |
|---|---|
| **Comhdháil:** | **Ceardlann Creat-treorach Uisce ón AE** |
| **Dáta:** | Nollaig 2013 |
| **Ionad:** | Baile Átha Cliath |
| **Teideal:** | Gníomhaíocht ar son na Bithéagsúlachta –Cur chuige Comhpháirtíochta |

# Seirbhísí Corparáideacha

## Imeachtaí Corparáideacha

### Fáiltiú Cathartha do Bhailte Slachtmhara Mhaigh nEalta

Ghabh an Cathaoirleach agus Comhaltaí Chomhairle Chontae na Mí buíochas le Coiste Bailte Slachtmhara Mhaigh nEalta ag fáiltiú cathartha a eagraíodh i Seomra na Comhairle i mí na Samhna. Bronnadh Deimhniú Barr Feabhais ar Peter Rogers, Cathaoirleach an Choiste, mar aitheantas ar an móréacht a rinneadh i mbuachan teideal na mBailte Slachtmhara in 2013. Chomh maith leis sin, bhronn an Chomhairle crann a cuireadh sa sráidbhaile mar chomóradh ar an mbliain a bhfuair Maigh nEalta an chéad áit sa mhórchomórtas seo.



**Cathaoirleach, An Comh. John V. Farrelly agus Jackie Maguire, Bainisteoir an Chontae ag bronnadh Deimhniú Barr Feabhais ar Peter Rogers, Cathaoirleach Bhailte Slachtmhara Mhaigh nEalta**



Ag cur an chrainn i Maigh nEalta, leis an gCathaoirleach John V. Farrelly, Bainisteoir an Chontae, Jackie Maguire agus Grúpa na mBailte Slachtmhara.

## Ainmniú Dhroichead Ghleann na Bóinne Mary Mc Aleese

Eagraíodh searmanas d'ainmniú Dhroichead Ghleann na Bóinne Mary Mc Aleese ar an Seandroichead, suíomh stairiúil Chath na Bóinne a tharla in Iúil 1690.

Bhí an Taoiseach, Enda Kenny agus na Cathaoirligh ar Chomhairlí Contae na Mí agus Lú araon i láthair chomh maith le ceannairí pobail agus polaitíochta a bhí sa lucht éisteachta lena n-áiríodh Martin Mc Guinness MP MLA, an LeasChéad-Aire, Tuaisceart Éireann. Chinn Comhairle Chontae na Mí agus Comhairle Chontae Lú an droichead a ainmniú in aitheantas ar an obair a rinne Mary Mc Aleese agus a fear céile, an Dr. Martin Mc Aleese, tacú le meas agus le tuiscint trasphobail níos doimhne a chothú mar chuid de phróiseas síochána an Tuaiscirt. Ag an imeacht chas píobaire uilleann, Liam O' Flynn An Droichead, píosa ceoil a choimisiúnaigh Mary Mc Aleese nuair a toghadh í in 1997.

## Cór Chomhairle Chontae na Mí

D'eagraigh Comhairle Chontae na Mí imeacht speisialta charthanachta ag Ionad Ealaíon *Solstice* i nDeireadh Fómhair. Bhí cór na mban ó Chomhairle Chontae na Mí i gcuideachta cóir ó Chomhairlí Chontae Chill Dara agus Lú agus le Cór na bhFear ón Uaimh, a bhfuil an-cháil air. I measc na n-

ealaíontóirí eile a bhí i láthair ar an oíche, bhí an fliúiteadóir, Hayley O' Sullivan agus an cuntraiteanór Eimhin Colgan. Tá an bheirt ag déanamh staidéar ar an gceol faoi láthair agus seinneann siad go rialta ag imeachtaí cóir. Bronnadh an méid airgid a bailíodh ar dhá charthanacht a d'ainmnigh foireann oibre Chomhairle Chontae na Mí, is iad sin Cumann Ailse na hÉireann agus Feileacáin (Cumann Nua-Naíoch agus Marbh-Bhreitheanna na hÉireann). Bunaíodh Cór Chomhairle Chontae na Mí faoi stiúir Paul Strachan, seacht mbliana ó shin agus casann an cór ag ócáidí faoi leith de chuid na Comhairle agus ag imeachtaí pobail.



**Cór Chomhairle Chontae na Mí**

San Aibreán, tháinig Cór an Coteaux d'Azur agus Cór Chomhairle Chontae na Mí le chéile ag Coimhdeach Dhún Búinne d'oíche cheoil na Fraince agus na hÉireann, i seipéal Naomh Muire, Eaglais na hÉireann, An Uaimh. Bhí an chuairt a thug cór na Fraince ar cheann d'imeachtaí go leor a eagraíodh faoi choimirce Thurasóireacht Ghleann na Bóinne, i gcomhthéacs Thóstal 2013. Thacaaigh an Tóstal leis an smaoineamh a thabhairt don chór le cabhair ó urraíocht áitiúil Thurasóireacht na Mí.

# Ceanncheathrú Nua Cathartha

I mí na Bealtaine, d'fhógair Comhairle Chontae na Mí gur cheannaigh an Chomhairle an foirgneamh san Uaimh a mbíodh Comhlacht Árachais Quinn ag feidhmiú as tráth, agus go mbeadh an foirgneamh anois mar cheanncheathrú ag an gComhairle.

Mar thoradh ar an éadáil, ar chostas €5.15 milliún (cáin bhreisluacha san áireamh) beidh oibríochtaí na Comhairle anois lonnaithe in aon shaoráid nua-aoiseach amháin agus beidh sábháil shuntasach mar thoradh air. Faoi láthair, san Uaimh leis féin, tá oibríochtaí na Comhairle roinnte amach ar naoi gcinn de láithreáin dhifriúla. Bhí foirgneamh nua ag teastáil ón gComhairle le roinnt blianta, ach bhí cosc curtha leis seo de bharr costais arda a bhain le suíomh nua ón mbun aníos a fhorbairt. Tá neart spáis urláir sa bhfoirgneamh nua do ghníomhaíochtaí reatha na Comhairle, atá suite ar shuíomh 8 n-acra, le os cionn 500 áit páirceála do charranna, chomh maith leis an deis leathnú amach anseo.

# Na Meáin

Lean Comhairle Chontae na Mí le húsáid a bhaint as na meáin chlóite, as raidió áitiúil agus as na meáin shóisialta chun cur le feasacht an phobail.

In 2013, d'eisigh an Chomhairle níos mó ná 50 preaseisiúint/ráiteas agus d'fhreagair os cionn 150 ceist ó na meáin. Cuireadh cuntas twitter na Comhairle ar bun in 2012, chun saoránaigh a chur ar an eolas maidir le heolas tábhachtach agus chun ceisteanna a fhreagairt tríd an gcainéal meáin seo.

# Deontais Ardoideachais

Tá foráil déanta d'éileamh reachtúil an Choiste Gairmoideachais.

Rialaíonn scéim deontais chomhaontaithe aonair an riarachán maidir le hiarratais Deontais Ardoideachais.

- An tAcht um Thacaíocht do Mhic Léinn 2011.
- Rialacháin Tacaíochta do Mhic Léinn 2013.
- Rialacháin Tacaíochta (Leasú ar an dara sceideal) do Mhic Léinn 2013.
- Scéim Deontais do Mhic Léinn 2013.
- Scéim Deontais do Mhic Léinn 2013 - Treoirlínte

Tá na hiarratais nua ar dheontas do mhic léinn ar fad anois á bpróiseáil ag Tacaíocht Chomhchoiteann do Mhic Léinn in Éirinn (SUSI) atá ag feidhmiú faoi Choiste Gairmoideachais (VEC) Chathair Bhaile Átha Cliath.

Tá 470 iarratas in-athnuaite in iomlán déanta ar mhaoiniú faoin Scéim Deontais do Mhic Léinn don bhliain acadúil 2013/2014.


# Clár na dToghthóirí

*Eolas a fháil agus caighdeáin a rialú, foilsiú agus dáileadh Chlár na dToghthóir a bhainistiú, de réir fhorálacha an Achta Toghcháin.*

Foilsíodh Clár na dToghthóirí i bhFeabhra 2013 agus léiríodh ann an daonra a bhí i dteideal vóta a chaitheamh mar a leanas:

| | |
|---|---|
| **Toghthóirí na Dála** | **133,580** |
| **Toghthóirí Uachtaráin** | **131,984** |
| **Toghthóirí na hEorpa** | **135,348** |
| **Toghthóirí Áitiúla** | **137,490** |
| **Vótálaithe Poist** | **682** |

Tugann an chairt thíos miondealú ar Thoghthóirí Áitiúla de réir Toghcheantair:




Le linn 2013, reáchtáladh Fothoghchán agus dhá Reifreann:

- Reáchtáladh Fothoghchán na Mí Thoir an 27 Márta 2013
- Bhí an Reifreann ar Dhíothú Sheanad Éireann agus na Cúirte Achomhairc ar siúl an 4 Deireadh Fómhair 2013.

Ullmhaíodh Forlíonadh do Chlár an dToghthóirí roimh gach lá vótála in 2013. 2,309 an uimhir iomlán Toghthóirí a áiríodh i gClár Forlíonaidh 2013/2014.

# Rialachas Corparáideach agus Bainistíocht Riosca

Tugann an Cód Cleachtais maidir le Rialachas Comhlachtaí Stáit (2009) míniú ar rialachas corparáideach mar ''*na córais agus na nósanna imeachta ina ndéantar fiontair a stiúradh agus a bhainistiú'*. Deirtear chomh maith *'go gcaithfidh comhlachtaí stáit freastal ar leas an cháiníocóra, luach ar airgead a thóraíocht ina n-iarrachtaí (lena n-áirítear bainistíocht riosca de réir mar is cuí) agus gníomhú go follasach mar eintiteas poiblí'*.

# Príomhfhorbairtí in 2013

## Bainistíocht Riosca

- Athbhreithniú déanta ar chláir rioscaí agus ar phleananna gnó na comhairle baile agus na roinne i lár na bliana;
- Athbhreithniú déanta ar an dréachtchlár riosca corparáideach chomh maith in Iúil 2013;
- Ullmhaíodh Treoir do Phleanáil Gnó i gcomhar leis an Rannóg Acmhainní Daonna agus dáileadh an treoir ar na rannóga agus ar na comhairlí baile ar fad;
- Cuireadh tús le próiseas pleanála gnó 2014 faoi Nollaig 2013;
- Cruthaíodh dréachtchlár riosca agus beartas riosca don Tionscadal Trasdula.

## Bainistíocht Riosca Dleathach

- Tháinig an Fhoireann Athbhreithnithe maidir le Príomhchásanna Dlíthíochta le chéile ar cheithre ócáid chun monatóireacht agus moltaí a dhéanamh, nuair ba chuí, maidir le bainistíocht cásanna dlí a bhí ar bun cheana nó a d'fhéadfadh a bheith ann agus ar cásanna móra a bhí iontu nó a d'fhéadfadh a bheith iontu.
- Athbhreithniú déanta ar na cásanna dlí ar fad i rith na bliana.

## Rialachas Corparáideach

- Cruthaíodh alt rialachais chorparáidigh ar an Inlíon le doiciméid faoi leith foilsithe lena n-áirítear pleananna gnó, tuarascálacha iniúchta, srl.;
- Rinneadh eagarthóireacht ar an dréacht-Chreat Rialachais Chorparáidigh agus tugadh faoi athbhreithniú comhchéime seachtrach.

## Aonad Rialachais Chorparáidigh

- Chuir an tAonad Rialachais Chorparáidigh eolas ar fáil, mar a iarradh i rith na bliana, d'Uisce Éireann mar shampla, don tSeirbhís Iniúchta Rialtais Áitiúil agus i ndáil leis an tuarascáil measúnachta seachtraí maidir leis an gClár Malairte Pleanála;
- Ullmhaíodh dréacht-Chlár Seirbhísí do na ranna ar fad, i gcomhar le Teicneolaíocht Faisnéise (IT);

- Cuireadh tuarascáil le chéile ar fheidhmíocht Chomhairle Chontae na Mí bunaithe ar Tháscairí Seirbhíse Náisiúnta 2011 – 2012;
- Dréachtaíodh bailiúchán Táscairí Feidhmíochta Áitiúil i gcomhar le gach rannóg agus cuireadh áis aischuir ar líne ar fáil;
- Tugadh faoi bheart feabhsaithe ar phróisis gnó i gcomhar le IT maidir le bainistiú ar éilimh dhliteanais poiblí.

# Coiste Iniúchta

Is é ról an Choiste Iniúchta:

- Athbhreithniú a dhéanamh ar thuairisciú buiséid agus airgeadais an údaráis, ar chleachtaí agus ar nósanna imeachta;
- Forbairt dea-chleachtais a chothú i bhfeidhmeannas iniúchta inmheánach an údaráis;
- Athbhreithniú a dhéanamh ar thuarascálacha an Iniúchóra Inmheánaigh agus na Seirbhíse Iniúchta Rialtais Áitiúil i ndáil leis an údarás agus aon bheart a thóg an bhainistíocht mar fhreagra ar thuarascálacha dá leithéid a mheas;
- Measúnú agus cur chun cinn éifeachtúlachta agus luach ar airgead i ndáil le feidhmíocht fheidhmeanna an údaráis;
- Athbhreithniú a dhéanamh ar chórais a fheidhmíonn an túdarás do bhainistíocht riosca agus moltaí dá leithéid a dhéanamh don údarás de réir mar a cheapann an Coiste na moltaí a bheith cuí i ndáil le cúrsaí i láthair na huaire.

Tháinig Coiste Iniúchta Chomhairle Chontae na Mí le chéile ceithre bhabhta le linn 2013, agus cuireadh Tuarascáil Bhliantúil an Choiste faoi bhráid Chomhairle Chontae na Mí i mí na Bealtaine. Fuair an Coiste roinnt tuarascálacha ón gCeannasaí Airgeadais, ón Stiúrthóir Seirbhísí Corparáideacha, ó Cheann na hIniúchóireachta Inmheánaí, ón Oifigeach Feidhmiúcháin Sinsearach – Oifigeach Riaracháin agus Pleanála – Aonad Rialacháin Corparáidigh chomh maith le roinnt cur i láthair.

# Saoráil Faisnéise

Leanann Comhairle Chontae na Mí do a chinntiú gur féidir le haon duine a bhfuil suim chuí acu i bhfaisnéis a fháil teacht ar an bhfaisnéis sin faoi na hAchtanna um Shaoráil Faisnéise (FOI), 1997 & 2003.

Ar na taifid atá ar fáil faoin Act um Shaoráil Faisnéise tá taifid nach bhfuil ar fáil cheana faoi reachtaíocht mhalairte agus a bhaineann le taifid údaráis áitiúil ar fad a cruthaíodh tar éis an 21 Deireadh Fómhair 1998.

Is iad seo a leanas staitisticí 2013 a bhaineann le hIarrataí ar Shaoráil Faisnéise:

| | |
|---|---|
| Iarrataí a fuarthas | 27 |
| Tugtha ar aghaidh ó 2012 | 5 |
| Iomlán | 32 |
| Líon na nIarrataí a ceadaíodh/a ceadaíodh i gcuid | 25 |
| Líon na nIarrataí a diúltaíodh | 3 |
| Iarrataí a aistríodh | 0 |
| Tarraingthe siar nó ar déileáladh leo seachas SF | 1 |
| Cásanna beo ag deireadh 2013 | 3 |
| Líon Athbhreithnithe Inmheánacha | 0 |
| Líon Achomharc chuig an gCoimisinéir Faisnéise | 0 |

# Sláinte agus Sábháilteacht

## Réamhrá

In 2012, bunaíodh Grúpa Oibre um Córas Bainistíochta Sábháilteachta (SMS) chun athbhreithniú agus leasú a dhéanamh, de réir mar a bhí gá leis, ar na Treoirlínte Náisiúnta, ar na Beartais agus Nósanna Imeachta agus chun sceideal feidhmithe agus modheolaíochta a dhréachtú d'fhonn go molfaí go nglacfadh an SMC leis. Leanadh leis an obair seo i rith 2013 leis an toradh go bhfuil athbhreithniú, leasú agus uasdátú déanta ag an MLA ar nósanna imeachta agus ar na Beartais Sláinte agus Sábháilteachta Ceirde go hiomlán lena n-áirítear doiciméadúchán tacaíochta.

## An Méid a Baineadh Amach in 2013

Leanadh ag cabhrú le Rannóga an MLA ar athbhreithniú a dhéanamh agus i gcásanna faoi leith forbairt a dhéanamh ar mheasúnachtaí riosca.


Chuir an Rannóg Sábháilteachta tús leis an gclár dlíthiúil gréasán-bhunaithe (Pegasus) a chur i bhfeidhm ar fud na hEagraíochta.

Rinneadh scrúduithe sábháilteachta ar fud na hEagraíochta i rith 2013, bhí doiciméadúchán sábháilteachta áirithe (SSWP, TTMP, measúnachtaí riosca, scrúduithe reachtúla m.sh.) nach raibh ar fáil ag an am scrúdaithe ar na príomhshaincheisteanna a sainaithníodh. Tugadh fógra do Bhainistíocht Shinsearach na Rannóige/Réimse.

# Forbairt Eacnamaíoch agus Nuálaíocht

## Forbairt Eacnamaíoch

### An Méid a Baineadh Amach in 2013




**Tháinig Plean Forbartha Chontae na Mí 2013 - 2019, a dhíríonn ar ghnó agus ar fhorbairt eacnamaíoch sa chontae, i bhfeidhm in Eanáir 2013.**



*Comhaltaí an Fhóraim Eacnamaíoch 2013*

**Bunaíodh Fóram Eacnamaíoch ar a bhfuil 11 chomhalta deonacha in 2013, agus tháinig an Fóram le chéile ar dhá ócáid le linn na bliana. Ina theannta sin, chuir comhaltaí an Fhóraim iad féin ar fáil ar bhonn aonair chun comhairle a thabhairt ar ghnéithe faoi leith den Straitéis Eacnamaíoch bheartaithe.**

Ta Plean Gníomhaíochta Eacnamaíoch, *Keep Meath Working* forbartha. Réimníonn an plean sé théama ó infheistíocht dhíreach eachtrach agus tacú le gnóthaí turasóireachta go gnóthais bheaga agus meánmhéide (SME) agus tacú leis an earnáil bia tuaithe. Foilseofar an plean deiridh in 2014.

Tá tacaíocht airgeadais faighte ag os cionn 30 cuideachta de chuid na Mí le bheith rannpháirteach i réimse líonraí gnó lena n-áirítear S.T.E.M. (Inbhuanaitheacht trí Bhainistíocht Comhshaoil), Smart Eco Hub, Life Sciences Supply Chain agus PLATO. Tá na líonraí seo maoinithe ag an gClár Interreg trínár rannpháirtíocht sa Réigiún Teorann Thoir.






**Seoladh** ***Life Sciences Supply Chain 2013***

Tá tacaíocht á tabhairt don earnáil Miondíola trí thionscnamh píolótach 'Scéim Aitheantais Gnó Aoisbhách' atá á thriail i gCeanannas i gcomhpháirtíocht leis an gComhlachas Tráchtála agus le hÉire Aoisbhách.  Cuirfear an tionscnamh i bhfeidhm i mbailte eile nuair a thiocfaidh deireadh leis an tionscnamh píolótach in 2014.




**Seoladh Scéim Aitheantais Gnó Aoisbhách Cheanannais 2013**

Bhí béim ar an Tóstal le linn 2013 agus tugadh tacaíocht maoinithe d'os cionn 50 imeacht Tóstail aonair.



Féile Hay, Ceanannas Meitheamh2013 (Grianghraf le Finn Beales)

**Tharraing Féile Hay ionann is 10,000 cuairteoir ar Cheanannas i mí Meithimh, go leor díobh ó thar lear agus beidh an imeacht ealaíon íocónach idirnáisiúnta agus litríochta seo ar bun arís in 2014. Fuair an fhéile deontas Tóstail de €10,000 mar thacaíocht.**

Bhí an Chomhairle i gcomhpháirtíocht leis an Meath Chronicle agus le roinnt urraitheoirí de chuid na hearnála príobháidí chun tacú leis na Dámhachtainí Gnó agus Turasóireachta bliantúla. Is í seo an ceathrú bliain ag an imeacht agus tá sé ag treisiú agus ag dul i neart gach bliain. Bronnadh 'Gnó na Bliana 2013' ar Largo Foods agus bhuaigh Féile Hay 'An tImeacht is fearr Turasóireachta 2013'. Tá sé beartaithe leanúint leis an gcomhpháirtíocht seo in 2014.




**Dámhachtainí Gnó & Turasóireachta na Mí 2013 - Buaiteoirí**

Fógraíodh roinnt jabanna sa chontae in 2013, lena n-áirítear Alltech, HDS Energy, Mafic Blach Basalt Ireland agus Hanley Engineering. Bhí roinnt táscairí dearfacha san earnáil miondíola le 20 gnó nua bunaithe i gCeanannas leis féin le linn na bliana.

Chuir an Chomhairle cúnamh airgeadais ar fáil chun oibriú i gcomhpháirtíocht chun cuidiú le fás eacnamaíoch. Cuireadh cúnamh airgeadais ar fáil do roinnt tionscnamh lena n-áirítear tionscnamh dhearbhán bronntanais Cheanannais, chun daoine a spreagadh a gcuid siopadóireachta a dhéanamh go háitiúil le linn thréimhse na Nollag. Fuair Cultúr cabhair mhaoinithe chun cuidiú leis an Imeacht Gnó na nImirceach faoi Nollaig 2013, i measc imeachtaí eile.




**Seoladh Thionscnamh Dearbháin Bronntanais Cheanannais, Samhain 2013**

Leanadh leis an bhfeachtas margaíochta *Make It…Meath* le linn 2013, agus tugadh Bróisiúir Deiseanna Eacnamaíocha Make It… Bhaile Átha Troim, Dhún Seachlainn, Dhún Búinne/*Clonee* agus na Mí Thoir chun críche.



**Seoladh Bhróisiúr Deiseanna Eacnamaíocha Make It Bhaile Átha Troim (Bealtaine 2013)**

# Turasóireacht

## An Méid a Baineadh Amach in 2013

Tugadh Tionscadal Comharthaíochta Tiomána Ghleann na Bóinne chun críche in 2013 faoinar cuireadh comharthaíocht agus painéil le léarscáil na mbailte suas ar bhealach tiomána atá 225 km ar fad. Tugadh céim a dó den tionscadal chun críche chomh maith lenar bhain ábhar promóisin – bróisiúr agus iatán léarscáile, léarscáileanna agus treoracha teanga. Buntaca atá san infreastruchtúr seo chun forbairt bhreise a dhéanamh ar chumas Ghleann na Bóinne mar Cheann Scríbe Turasóireachta.

In 2013, bhí béim ar an Tóstal agus tugadh isteach 3 scéim deontais ar leith chun tacú le himeachtaí pobail. Thacaigh Comhlachtaí Poiblí na hÉireann le 3 fhéile mhóra. Cuireann Fáilte Ireland deontais ar fáil d’imeachtaí beaga pobail agus méadaíodh an ciste trí mhaoiniú a chuir Comhairle Chontae na Mí ar fáil go díreach.



Cnoc na Teamhrach



Cnóbha



Caisleán Sláine



Caisléain Átha Throim



Maigh nEalta



Abhainn na Bóinne

# Seirbhísí Comhshaoil, Uisce, Éigeandála agus Dóiteáin

## Seirbhísí Uisce

Is dóigh go bhfuil seirbhísí Uisce agus Séarachais ar na seirbhísí is riachtanaí agus is bunúsaí a sholáthraíonn an Chomhairle. Tá na seirbhísí seo riachtanach ní amháin do shaol na ndaoine a chónaíonn sa chontae, ach do na gnóthaí atá ag feidhmiú sa chontae chomh maith.

Leanadh i mbun infheistíochta i bhfeidhmiú laethúil agus i gcothabháil saoráidí móra Uisce agus Séarachais an Chontae i rith 2013 chomh maith le hinfheistíocht a dhéanamh chun infreastruchtúr na seirbhísí uisce a fheabhsú. Obair í seo a bhí thar a bheith tábhachtach chun sláinte an phobail agus chun comhshaoil an Chontae a chosaint, agus chun soláthar do phleanáil, d'fhás agus d'fhorbairt inbhuanaithe i gContae na Mí.

### An Méid a Baineadh Amach in 2013

In 2013, sholáthair an Chomhairle uisce le n-ól do thuairim is 145,000 cónaitheoir agus do thuairim is 5,000 gnó tráchtála. Bhailigh an Chomhairle agus rinneadh cóireáil ar fhuíolluisce ó thuairim is 120,000 cónaitheoir agus ó 3,000 gnó chomh maith. Chun an tseirbhís seo a sholáthar rinne an Chomhairle ionann is 270 saoráid ar leith a fheidhmiú agus a chothabháil, 1,800 km de phríomhphíobán uisce agus tuairim is 1,000 km séarachas san áireamh.

Tá infheistíocht mhór déanta faoin gClár Infheistíochta i Seirbhísí Uisce (WSIP) agus faoin gClár Uisce Tuaithe araon le blianta beaga anuas, infhesitíocht a chuidigh le hacmhainní breise uisce agus fuíolluisce a chur ar fáil agus formhór infreastruchtúr sheirbhísí uisce an Chontae a fheabhsú.

Tá méadú leanúnach tagtha ar líon na ndúshlán a bhíonn le sárú ag an Rannóg Seirbhíse seo de bharr nithe faoi leith, lena n-áirítear:

- Freagrachtaí agus cúraimí breise mar thoradh ar reachtaíocht/rialacháin náisiúnta agus ón AE, rialacháin maidir le hUisce le hÓl agus ceadúnú maidir le sceitheadh fuíolluisce.

- Lárú na Seirbhísí Uisce – I dtús na bliana 2013, d'éirigh le Comhairle Chontae na Mí lárú a dhéanamh ar an soláthar Seirbhísí Uisce. Tá feidhmeanna na Seirbhíse Uisce ar fad anois faoi chúram phríomhoifigí na Seirbhíse Uisce san Uaimh agus dá bhrí sin níl aon bhaint níos mó ag na hOifigí Réigiúnacha le feidhmiú laethúil na Seirbhíse Uisce.
- Bainistiú ar an athrú mór a bhaineann le haistriú chúraimí uisce na Comhairle chuig Uisce Éireann.

# Uisce Éireann

In Aibreán na bliana 2012, bheartaigh an Rialtas Cuideachta phoiblí fóntais uisce, Uisce Éireann, a bhunú mar chuideachta neamhspleách Stáit laistigh de ghrúpa Bhord Gáis, chun na feidhmeanna oibríochta agus na feidhmeanna seachadta caipitil a ghlacadh ar láimh ó na hÚdaráis Áitiúla.

I gcaitheamh 2013, bhí an Chomhairle an-ghnóthach le cúrsaí pleanála agus ullmhúcháin chun cúraimí uisce na Comhairle a aistriú chuig an bhfóntas nua náisiúnta. Tháinig deireadh le cúraimí Chomhairle Chontae na Mí mar Údarás Seirbhísí Uisce le haghaidh chontae na Mí an 31 Nollaig 2013. Ó 1 Eanáir 2014 ar aghaidh, Uisce Éireann an tÚdarás Seirbhísí Uisce náisiúnta.

Faoi Chomhaontú , maidir leis an Leibhéal Seirbhísí a aontaíodh faoi Nollaig 2013, áfach leanfaidh Comhairle Chontae na Mí ag soláthar seirbhísí oibriúcháin agus cothabhála ar bhonn laethúil agus ag soláthar seirbhísí seachadta caipitil thar ceann Uisce Éireann go ceann tréimhse 12 bhliain.

Níl aon fhreagracht ar Uisce Éireann maidir le uisce stoirme, tuilte stoirme, Scéimeanna Grúpa nó maidir le deontais le haghaidh toibreacha. Dá bhrí sin, beidh freagrachtaí díreacha ar an gComhairle maidir leis na saincheisteanna sin.

# Príomhthionscadail faoin gClár Infheistíochta i Seirbhísí Uisce

## Scéimeanna Uisce atá á dTógáil:

**Plean Straitéiseach Uisce & Tionscadal Caomhnaithe Uisce Chontae na Mí:**

Cuireadh tús le Tionscadal Caomhnaithe Uisce Chontae na Mí i mí na Samhna 2005. Tá trí chéim faoi leith ag baint leis an tionscadal seo:

**Céim 1:** Córas Bainistíochta Uisce a bhunú inar féidir monatóireacht a dhéanamh ar úsáid agus ar chaillteanas uisce ar fud na líonraí soláthair uisce;

**Céim 2:** Clár Rialaithe Sceite Gníomhach a bhunú.

Tá céimeanna 1 agus 2 i bhfeidhm. Leanann Comhairle Chontae na Mí ag úsáid, ag cothabháil agus ag leasú na gcóras chun an tairbhe is fearr a bhaint astu. Ó bunaíodh agus a feidhmíodh céimeanna 1 agus 2 tá Uisce gan Tásc (UFW) laghdaithe ó 58% (Samhain 2005) go 30% ag deireadh na bliana 2013.

**Céim 3:** Athshlánú Príomhlíonra Uisce

Áiríodh céim 1 sa Chlár Infheistíochta i Seirbhísí Uisce (WSIP 2010 – 2013) faoi Chonarthaí le Tosú 2010 -2013. Cuireadh tús leis an obair ar an suíomh in Aibreán 2011. Baineadh aníos 14 km de phríomhlíonra uisce a bhí lochtach agus cuireadh síos príomhlíonra uisce nua ina n-áit ag 8 suíomh ar fud an chontae – Baile Átha Buí, Damhliag, Ceanannas, An Uaimh, Cill Mheasáin, Baile an Cheantaigh, *Claristown* agus *Ballynaclose*. Tháinig deireadh leis an obair i Samhradh na bliana 2012.

Áiríodh céim 2 sa Chlár Infheistíochta i Seirbhísí Uisce (WSIP 2010 – 2013). Tá athshlánú le déanamh ar thuairim is 43 km de phríomhlíonra uisce lochtach faoi chéim 2 ag suíomhanna faoi leith ar fud an chontae. Tá súil go dtosófar ar an obair thógála le linn 2014, a bheidh faoi réir faomhadh ó Uisce Éireann.

**Soláthar Uisce Dhún Seachlainn:** Thosaigh an córas nua uisce tobair, an t-ionad cóireála uisce agus an túr ag feidhmiú i dtús mhí Bealtaine 2012, agus d'éirigh thar barr leis na córais ar fad i gcaitheamh 2013.

**Soláthar Uisce na hUaimhe & Lár na Mí:** Oibreacha ar Chonarthaí 1, 2, 3 & 6, tugtha chun críche.

**Scéim Feabhsúcháin Uisce Dhroichead Átha, Lú Theas & na Mí Thoir:** Tá deireadh tagtha leis na hoibreacha méadúcháin a bhí ar siúl sa Ráth. Tá céim 1 de na hoibreacha ar Chonarthaí 3 agus ar Chonartha 4 a bhí ar siúl i gCoill Droch críochnaithe, agus d'éirigh thar barr leis na córais ar fad i gcaitheamh 2013.

## Scéimeanna Uisce ag Céim na Pleanála:

**Soláthar Uisce Dhroichead Átha, Lú Theas & na Mí Thoir:** Athbhreithniú ar an Réamhthuairisc tugtha chun críche agus curtha ar aghaidh chuig an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil le faomhadh i Lúnasa 2009;

**Soláthar Uisce na hUaimhe agus Lár na Mí:** Tá conarthaí 4,5 & 7 ag céim pleanála atá go mór chun cinn . Ní áirítear na conarthaí sin sa Chlár Infheistíochta i Seirbhísí Uisce 2010 -2013 (WSIP) le dul

ar aghaidh go dtí céim na tógála. Táthar ag súil go mbeidh siad san áireamh i gClár Infheistíochta Caipitil Uisce na hÉireann (CIP).

**Scéim Sholáthar Uisce an tSeanchaisleáin/ Cheanannais:** Áiríodh na scéimeanna seo sa Chlár Infheistíochta i Seirbhísí Uisce 2010 -2013 (WSIP). Tugadh an Réamhthuairisc maidir leis an obair fheabhsúcháin atá beartaithe ar WTP an Locha Bháin chun críche i Lúnasa 2012, agus táthar ag obair ar an dearadh mionsonrach faoi láthair. Táthar ag súil go dtosófar ar an obair thógála le linn 2014 faoi réir faomhadh ó Uisce Éireann.

## Scéimeanna Séarachais atá ag Céim na Tógála:

**Scéim Séarachais an tSeanchaisleáin:** Cuireadh tús leis an obair i nDeireadh Fómhair 2012, agus tá sé leagtha amach go mbeidh an Obair maidir le Cóireáil Fuíolluisce (WWTW) tugtha chun críche agus an córas ag feidhmiú faoi lár 2014.

**Scéim Séarachais Chill Bhríde/ Ráth Tó/ Chill Dhéagláin:** Bronnadh an conradh athshlánaithe líonra i mí Feabhra 2012, agus táthar ag súil go gcríochnófar an obair i lár na bliana 2014.

**Scéim Grúpáilte DBO (Ráth Chairn, Ráth Mhaoláin, Chill Mhaighneann, Chnoc an Línsigh, Mhaigh nEalta, Dhún Uabhair, Bhaile Átha Buí, agus Dhamhliag:** Ta na hoibreacha seo tugtha chun críche agus bhí na saoráidí nua ag obair go sásúil i gcaitheamh 2013.

## Scéimeanna Séarachais ag Céim na Pleanála:

**Scéim Séarachais Cheanannais:** San áireamh sa Chlár Infheistíochta i Seirbhísí Uisce (WSIP) 2010 – 2013. Cheadaigh an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil an cuntas maidir le ceapachán Comhairleoirí i samhradh na bliana 2012. Cheap an Chomhairle comhairleoirí in 2013 chun an Réamhthuairisc riachtanach a ullmhú agus táthar ag súil go mbeidh an réamhthuairisc tugtha chun críche faoi lár na bliana 2014.

# Clár Uisce Tuaithe

Leantar ag caitheamh maoiniú suntasach faoin gClár Uisce Tuaithe, ag cuimsíú na hearnálacha a leanas:

**Scéimeanna Séarachais & Grúpscéimeanna Uisce:** 62 scéim tugtha chun críche ar chostas d'os cionn €5m (1997 – 2013);

**Scéimeanna Séarachais & Scéimeanna Uisce ar Scála Beag (teorainn €1m) :** 170 scéim tugtha chun críche ar chostas d'os cionn €13m (1997 – 2013);

**Seilbh ar Ghrúpscéimeanna:** 35 scéim tugtha chun críche ar chostas d'os cionn €1m (1998 – 2013);

**Deontais Toibreacha:** caiteachas d'os cionn €3.5m.

## Aonad Seirbhísí Uisce le hÓl (DWSU)

Ainneoin go bhfuil laghdú ar na hacmhainní daonna atá ar fáil sa réimse seo agus éilimh a bheith de shíor ag méadú de bharr ceanglais nua reachtaíochta chomh maith lena mbíonn custaiméirí ag súil leis ón gComhairle, leanann Comhairle Chontae na Mí ag soláthar uisce le hól ar ardchaighdeán agus cinntíonn an Chomhairle go gcomhlíontar na ceanglais reachtaíochta maidir le soláthar sábháilte uisce le hól.

## Feidhmiú & Cothabháil (O&M)

Leanann an Chomhairle ag soláthar leibhéal ard seirbhíse do chustaiméirí teaghlaigh agus do chustaiméirí gnó trí uisce le hól a chur ar fáil agus trí chóireáil a dhéanamh ar an bhfuíolluisce a bhailítear. Rinne an Chomhairle sábháil mhór i dtaobh costais arís in 2013 maidir le gníomhaíochtaí oibríochta laethúla. Ní raibh aon tionchar aige sin ar an gcaighdeán ná ar an leibhéal seirbhíse a soláthraíodh.

## Aonad Seirbhísí Fuíolluisce (WWSU)

Chomh maith leis an lárú a rinneadh ar na Seirbhísí Uisce i dtús na bliana 2013 d'éirigh leis an gComhairle Aonad beag Seirbhísí Fuíolluisce inmheánach a bhunú. An phríomhfheidhm atá leis an aonad seo ná saineolas agus tacaíocht i dtaobh próisis a chur ar fáil d'oibríochtaí fuíolluisce chun a chinntiú go gcomhlíontar ar bhonn leanúnach na ceanglais a bhaineann le ceadúnais sceite fuíolluisce agus leis an Treoir um Chóireáil Fuíolluisce agus dá bharr sin go gcuideoidh sin linn gluaiseacht i dtreo na ceanglais a bhaineann leis an gCreat-treoir Uisce a chomhlíonadh.

## Ceadúnais Doirte Fuíolluisce (WWDLs)

In 2013, deonaíodh 12 Cheadúnas Doirte Fuíolluisce de chuid na Comhairle as 20 chomh maith leis na Deimhnithe Údaraithe Fuíolluisce ar fad. Cuirfidh eisiúint na gceadúnas agus na ndeimhnithe seo le hoibleagáidí reachtúla na Comhairle agus ardú ar chostais ghaolmhara agus ar dúshlán é atá agus a bheidh ann.

# Seirbhísí Comhshaoil

## Réamhrá

Tá cosaint an chomhshaoil ríthábhachtach do chónaitheoirí Chontae na Mí agus do chuairteoirí a thagann chuig Chontae na Mí. Tá uisce agus aer glan, taobh tíre atá saor ó bhruscar, tránna gan truailliú agus córais bhunúsacha bhainistíochta dramhaíola riachtanach chun caighdeán saoil shaoránaigh na Mí a fheabhsú. Leanann an Roinn Comhshaoil ag soláthar réimse leathan seirbhísí rialála agus forfheidhmithe ar fud an Chontae, i ndáil le dramhaíl, caighdeán uisce, truailliú ó thorann agus truailliú aeir, reiligí, seirbhísí tréidliachta, bainistiú fuinnimh agus láithreáin thréigthe.

Seo a leanas na príomhréimsí gníomhaíochta sa Réimse Comhshaoil:

## An Méid a Baineadh Amach in 2013

## Rialacháin maidir le Dramhbhia Teaghlaigh 2013 (Araidí Donna)

Rinneadh dlí de na Rialacháin maidir le Dramhbhia Teaghlaigh 2013 i bhFeabhra 2013. Faoi na Rialacháin, tá sé d'oibleagáid ar bhailitheoirí seirbhís bailiúcháin ar leith a chur ar fáil do dhramhbhia teaghlaigh. Tá oibleagáid ar na teaghlaigh an dramhbhia a scagadh agus é a choinneáil glan ar dhramhaíl do-bhithmhillte.

Tugadh isteach na Rialacháin mar chuid d'oibleagáidí na hÉireann Treoir ón AE maidir le Líonadh Talún a chomhlíonadh, oibleagáidí a bhaineann le dramhaíl in-bhithmhillte a choinneáil glan ar Líonadh Talún de bharr bolaidh agus núiseanna eile agus moltar an dramhbhia a chur ag obair ar bhealaí eile, i dtáirgí ardchaighdeáin múirín den chuid is mó.

Tá na Rialacháin á gcur i bhfeidhm ar bhonn céimnithe de réir an amchláir a leanas:

| Dáta | Méid an Cheirtleáin | Bailte/Sráidbhailte |
|---|---|---|
| **1 Iúil 2013** | **> 25,000 duine** | **An Uaimh, Droichead Átha Theas** |
| **31 Nollaig 2013** | **> 20,000 duine** | |
| **1 Iúil 2014** | **> 10,000 duine** | **Cill Dhéagláin, Baile an Bhiataigh/An Inse/Baile Uí Mhornáin** |

| Dáta | Méid an Cheirtleáin | Bailte/Sráidbhailte |
|---|---|---|
| 1 Iúil 2015 | > 1,500 duine | Baile Átha Troim, Ceanannas, Ráth Tó, Dún Búinne, Dún Seachlainn, Damhliag, Steach Maoilín, Baile Átha Buí, An Bóthar Buí |
| 1 Iúil 2016 | > 500 duine | Na Bailte agus na Sráidbhailte eile ar fad. |

Mar chuid den ullmhúchán don fheidhmiú céimneach le haghaidh na nAraidí Donna san Uaimh agus i nDroichead Átha Theas, ó 1 Iúil 2013, ghlac an Roinn Comhshaoil, i gcomhar lenár gcomhghleacaithe i gComhairle Chontae an Lú, páirt i bhfeachtas cuimsitheach faisnéise agus meán.  San áireamh ann bhí Fógraí Raidió agus Agallaimh, fógraí nuachtáin agus gnéchláir, dáileadh bileog eolais agus reáchtáladh cruinnithe agus ceardlanna leis na Bailitheoirí Dramhaíola.

## Síneadh leis an gCosc ar Ghual Toit

I mBealtaine 2013, bhí An Uaimh ar cheann de 7 mbaile nua faoi réir ag an gCosc ar Ghual Toit de bharr go bhfuil an daonra os cionn 15,000 duine.  Cé go raibh baile Dhroichead Átha faoi réir ag an gcosc ó 1998, rinne na Rialacháin nua foráil ar shíneadh a chur i bhfeidhm ar an gceantar i gceist, lena n-áirítear na ceantair atá lonnaithe taobh istigh de theorainn riarachán na Mí.

Sula cuireadh an cosc i bhfeidhm, ghlac an Roinn Comhshaoil páirt i bhfeachtas mór faisnéise lena n-áiríodh dul i mbun comhairliúcháin le Miondíoltóirí, agus Fógraí Nuachtáin agus Fógraí  Meáin Cumarsáide.

## An tAcht um Sheirbhísí Uisce (Leasú) 2012 – Clárú na nUmar Múnlaigh

Tugann an tAcht um Sheirbhísí Uisce (Leasú) 2012, isteach córas nua Cláraithe agus cigireachta d'Umair Mhúnlaigh agus do chórais eile a bhaineann le cóireáil fuíolluisce teaghlaigh.  Cuireadh an reachtaíocht i bhfeidhm i ndiaidh rialú a rinne Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh in 2009, a luaigh go raibh Éire ag sárú Chreat- treoir Dhramhaíl an AE, 2006/12/CE i ndáil le cóireáil fuíolluisce ó umair mhúnlaigh agus ó chórais chóireála fuíolluisce suímh eile.

Faoin reachtaíocht seo, tá sé de riachtanas ar úinéirí a bhfuil a gcuid maoine ceangailte le humar múnlaigh nó le córas éigin eile, clárú leis an Údarás Áitiúil roimh 1 Feabhra 2013.   I gContae na Mí chomhlíon os cionn 18,000 úinéir maoine an riachtanas seo.

In Eanáir 2013, d'fhoilsigh an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil (EPA), Plean Náisiúnta

Cigireachta le haghaidh na gcóras seo agus éilítear ar Chomhairle Chontae na Mí, 40 cigireacht ar a laghad a dhéanamh le linn na tréimhse ó Iúil 2013 go Meitheamh 2014. Tá tús curtha leis na cigireachtaí riosca-bhunaithe mar atá foráilte sa Phlean Cigireachta.

Thug an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil isteach Scéim Deontais nua a bhfuil baint ag ioncam leis in Iúil 2013. Chun cuidiú le teaghlaigh a raibh a gcuid córais ainmnithe i ndiaidh na gcigireachtaí a rinneadh, mar chórais a raibh obair fheabhsúcháin, obair dheisiúcháin, uasghrádú, nó córais nua ag teastáil faoi réir ag coinníollacha faoi leith.

# An Chreat-treoir Uisce

Tá an Treoir seo, atá bunaithe ar Phleananna Bainistíochta maidir le hAbhantracha agus le Dobharcheantair, chomh fada agus go bhfuil an creat a thugann cosaint do na réimsí uisce ar fad (aibhneacha, locha, canálacha, taiscumair, inbhir, uisce cósta agus screamhuisce), agus a leagann síos méid áirithe ama chun uiscí a fheabhsú chomh maith le cosc a chur ar mheath d'uiscí a bhfuil stádas maith acu faoi láthair.

# Treoir maidir le Bia ón AE

Is Treoir é seo a tháinig i bhfeidhm in 2007, a éilíonn ar Bhallstáit próisis faoi leith a leanúint lena n-áirítear Réamh-mheasúnuithe Riosca a ghlacadh ar láimh chun limistéir a aithint a bhfuil riosca mór i gcás tuilte ag gabháil leo faoi láthair, nó a d'fhéadfaí go mbeadh riosca mór i gcás tuilte ag gabháil leo amach anseo. Tar éis an measúnú seo a thabhairt chun críche tá Oifig na nOibreacha Poiblí (OPW) ag comhordú an ullmhúcháin ar léarscáileanna riosca agus léarscáileanna guaise tuilte a bheidh faoi réir comhairliúcháin in 2014.

# Reiligí

Tar éis suirbhé sonrach de na 231 reilig atá sa Chontae a thabhairt chun críche, tá forbairt ar dhoiciméad beartais beagnach tugtha chun críche, doiciméad a dhíreoidh ar agus a chuirfidh ar bhonn foirmiúil na riachtanais maidir le beartas adhlactha fadtéarmach don Chontae. Beidh torthaí an tsuirbhé thar a bheith tairbhiúil do dhaoine i mbun taighde ginealais agus cuirfidh torthaí an tsuirbhé go mór le staidéir Ranna Oidhreachta/Caomhantais agus Leabharlann an Chontae.

Táthar ag obair faoi láthair ar shonraí na dtionscadal seo a thabhairt le chéile ar fheidhmchlár léarscáilithe GIS atá bunaithe ar inlíon gréasáin dar teideal *Location Publisher*. Leis an bhfeidhmchlár seo, beifear in ann teacht ar shonraí ar líne as láithreacha iargúlta agus a éascófar naisc a chruthú le suíomhanna gréasáin eile lena n-áirítear *Genealogy Portals* agus ar shuíomhanna a mbíonn grianghraif srl. ar fáil.

Ag tógáil san áireamh na deacrachtaí a bhaineann le suíomh feiliúnach a fháil ó thaobh cúrsaí

geolaíocha de agus ó thaobh na n-impleachtaí costais a bhaineann le cothabháil agus le síneadh beag a chur leis na reiligí atá ann cheana, tá an beartas adhlactha seo atáthar ag forbairt faoi láthair i bhfabhar cur chuige réigiúnach maidir le soláthar talún reilige.

Síníodh doiciméid chonartha le haghaidh reilig nua a fhorbairt in Derrockstown, Dún Seachlainn, i mí na Nollag 2013, agus táthar ag súil go mbeidh an obair tugtha chun críche faoi dheireadh 2014. Tá obair iniúchta suímh ar siúl ar roinnt reiligí eile lena n-áirítear Dún Búinne agus Coill Chluana, chun a bhfeiliúnacht le haghaidh síneadh ar chostas réasúnta a mheas.

## Oideachas Comhshaoil agus Feasachta

Bíonn an Chomhairle, trína hOifigeach Feasachta Comhshaoil, Foireann Comhshaoil eile agus Foireann Fiontair agus Phobail, gníomhach i réimse leathan beart atá i bhfeidhm chun tacaíocht phoiblí a mhúscailt le haghaidh bruscar a dhíbirt ónár sochaí. Cuidíonn maoiniú ón scéim Deontais agus ó fhoinsí eile go mór leis an gComhairle i soláthar tacaíochta agus spreagtha dóibhsean a chuireann tionscnaimh ghníomhaíochta agus feasacht in aghaidh bruscair i bhfeidhm, go háirithe ag tráth ina bhfuiltear ag gearradh siar ar líon na foirne oibre.

Le linn 2013, chuir an Chomhairle maoiniú ar fáil agus éascaíodh rannpháirtíocht Phobail i dtionscnaimh Chomhshaoil faoi leith lena n-áirítear:

- Leithdháileadh €30,000 maoiniú ar os cionn 200 grúpa/cumann faoin Scéim Maoinithe Deontais Lomaire Faiche agus Conláiste.
- Ardú ar rannpháirtíocht sa Scéim 'Mórtas Áite', ina n-oibríonn an Chomhairle i gcomhpháirtíocht leis na pobail.
- Clár Oibre Áitiúil 21 – próiseáil iarratais ó 49 ngrúpa/eagraíocht éagsúil faoin scéim comh-mhaoinithe seo, a chuireann chun cinn forbairt inbhuanaithe trí chuidiú le tionscadail chomhshaoil neamhbhrabúis scála beag ag leibhéal áitiúil.
- Tabhairt i láthair Caighdeáin Boinn don Chonradh Frithbhruscair, scéim ar ghlac 138 ngrúpa Pobail agus meánscoil páirt ann chun an ceantar is mó a bhí saor ó bhruscar sa Chontae a bhaint amach.
- Rannpháirtíocht sa Chóras Náisiúnta Monatóireachta Truailliú Bruscair – tá sé mar aidhm ag an gcóras seo an mhinicíocht a bhaineann le bruscar ar fud na tíre a mheas agus a cháiliú.
- Rannpháirtíocht agus comhoibriú leis an gCumann Irish Business against Litter (IBAL) – déanann an cumann seo monatóireacht ar fheidhmíocht bhainistíochta bruscair i mbailte ina bhfuil níos mó ná 6,000 duine.

# Athchumrú ar Réigiúin Phleanála Bainistíochta Dramhaíola agus Pleananna Nua Bainistíochta Dramhaíola a Ullmhú

I nDeireadh Fómhair na bliana 2012, léirigh an tAire Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil athchumrú maidir leis na Réigiúin Phleanála Bainistíochta ó 10 síos go 3, ag teacht leis na Réigiúin Tionóil Réigiúnacha a bhí leagtha síos sa Doiciméad Leasaithe Rialtais "Tús Áite do na Daoine''.

Cé go raibh Contae na Mí mar an bpríomh-údarás i Réigiún Pleanála Bainistíochta Dramhaíola an Oirthuaiscirt, bhí Contae Lú, Contae an Chabháin agus Contae Mhuineacháin san áireamh chomh maith. Thángthas ar chomhaontú in Aibreán 2013 go nglacfadh Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath an ról seo sa Réigiún Lár Tíre Thoir, a chuimsíonn contaetha Chúige Laighean ar fad seachas Ceatharlach, Cill Chainnigh agus Loch Garman.

I ndiaidh na measúnachta a rinneadh ar na Pleananna Bainistíochta Dramhaíola ar fad a thabhairt chun críche faoin spriocdháta reachtúil, 31 Nollaig 2012, mar a éilíodh faoi Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Treoir Dramhaíola) 2011, caithfear pleananna nua a ullmhú agus tá sé beartaithe ag Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath, a chuir tús leis an gcéad chéim chomhairliúcháin, dréachtphlean a bheith ar thaispeántas go poiblí faoin tríú ráithe de 2014. Chomh maith le Plean nua a ullmhú, beidh Measúnacht Straitéiseach Timpeallachta (SEA) agus Measúnacht Oiriúnachta (AA) riachtanach.

# Forbairtí eile a bhaineann leis an gComhshaol le linn 2013

- Bronnadh Ionad Repak Athchúrsála/Conláiste Cathartha na bliana ar Shuíomh Chonláiste Cathartha Bhaile Átha Troim, atá faoi bhainistíocht Oxigen thar ceann na Comhairle, trí 26,700 úsáideoir a mhealladh agus mar thoradh tógadh 1,900 tona dramhaíola ón suíomh.




**Bronnadh Ionad Repak Athchúrsála/Conláiste Cathartha na bliana ar Shuíomh Conláiste Cathartha Bhaile Átha Troim**

- Tá an Chomhairle ag leanúint sa tóir ar roinnt suíomhanna dumpála mídhleathacha seanbhunaithe ar fud an chontae agus tá 4 chás ina n-ábhair imeachtaí dlí ag Leibhéal na hArd-Chúirte.

- Clár gníomhaíochta níos fearr ag úsáid teilifís chiorcaid iata (CCTV) ag áiteanna ina gcaitear bruscar agus ag ionaid 'fág anseo' ar fud an Chontae chun comhlíonadh leis an Acht um Thruailliú ó Bhruscar fhorfheidhmiú.

- Ardú ar an tobhach Líonta Talún ó €65 an tona go €75 an tona le haghaidh dramhaíl a thugtar chuig saoráid líonta talún údaraithe.

- Cuireadh tús le fiosruithe ar réitigh níos inbhuanaithe a fhorbairt chun déileáil le láisteáit agus le gás ag éirí as saoráid Líonadh Talún Basketstown.

- Chuir an EPA tús le Comhairliúchán Poiblí i ndáil le Plean Náisiúnta Bainistíochta Dramhaíola Guaisí Athbhreithnithe beartaithe.

- Scaipeadh eolas ar Choinbhinsiún Aarhus, a leagann síos rialacha bunúsacha chun rannpháirtíocht na ndaoine i gcúrsaí comhshaoil a chur chun cinn agus chun forfheidhmiú an dlí comhshaoil a fheabhsú.
- Forbraíodh agus cuireadh i bhfeidhm córas bainistíochta a bhí bunaithe ar theicneolaíocht faisnéise (TF) a mbíonn déileáil níos éifeachtúla le suíomhanna tréigthe mar thoradh air.
- Méadú ar ghníomhaíocht faoin Reachtaíocht maidir le Smachtú Capall agus Madraí.
- Forbairt ar Chóras nua IT le haghaidh taifeadadh agus bainistiú a dhéanamh ar Shuíomhanna Tréigthe.

# Seirbhís Dóiteáin

In 2013, chuir an Stiúrthóireacht Náisiúnta do Bhainistíocht Éigeandála & Dóiteáin doiciméad ar fáil do na hÚdaráis Dóiteáin ar fad dar teideal *Keeping Communities Safe* (KCS). Is treoirphlean é an doiciméad seo don Seirbhís Dóiteáin i ngach Údarás Áitiúil in Éirinn, amach go 2015 agus ina dhiaidh. Tógann an doiciméad moltaí a rinne Athbhreithniú ar na Seirbhísí Náisiúnta Dóiteáin le gairid agus dírítear ar roinnt príomhghníomhaíochtaí ó dhoiciméad 2011, 'Creat Forbartha Náisiúnta Sheirbhísí Dóiteáin na hÉireann, 2010 – 2015'. Sa doiciméad KCS, leagtar amach straitéis chun sábháilteacht an phobail agus pearsanra na seirbhíse dóiteáin a chinntiú agus tugann dúshlán don Sheirbhís Dóiteáin go náisiúnta leanúint le seirbhís a chur ar fáil atá éifeachtúil ó thaobh costas de, ag feidhmiú go héifeachtúil agus dírithe ar an obair. I measc na réimsí a chuimsíonn na doiciméid KCS áirítear:

- Bainistiú riosca
- Díriú ar shábháilteacht phoiblí a fheabhsú
- Laghdú ar eachtraí dóiteáin
- Caighdeáin Freagartha
- Struchtúir sheachadta na Seirbhíse Dóiteáin amach anseo.

Le linn 2013, leanadh leis an obair ar chur i ngníomh an chláir náisiúnta oiliúna de mhodúil 'Threoirlínte Oibríochta Caighdeánacha'. Tá an clár oiliúna seo ann sa bhreis ar an oiliúint rialta riachtanach agus tá an clár go mór chun cinn i gContae na Mí. Oibríonn na treoirlínte mar uirlisí le haghaidh oideachas agus scileanna múchta dóiteáin breise a fheabhsú trí úsáid a bhaint as clár caighdeánach oiliúna comhsheasmhach. Tá an clár seo ar siúl i gcomhthreo leis na riachtanais oiliúna reatha sa tSeirbhís Dóiteáin, agus dá bhrí sin, tá acmhainní airgeadais breise fós ag teastáil chun an clár seo a chur i ngníomh ina iomláine.

In 2013, leanadh le hobair choisc dóiteán ar fud an chontae i gcomhar leis an obair na nOibríochtaí Dóiteáin. I measc na bpríomhréimsí a cuimsíodh tá an measúnú ar Dheimhnithe Sábháilteachta Dóiteáin; scrúduithe sábháilteachta dóiteáin ar fhoirgnimh ar fud Chontae na Mí, ar áitribh cheadúnaithe go mór mhór & ar fhoirgnimh a d'fhéadfadh a bheith dainséarach; ag cur chun cinn sábháilteacht dóiteáin phobail lena n-áirítear feidhmiú céimneach chlár shábháilteacht na scoileanna; ag tiomsú cláir Phleanála Réamhdhóiteáin ar fhoirgnimh ardriosca; comhordú scrúduithe Le Linn Feidhmíochta ar áitribh cheadúnaithe; agus monatóireacht ghinearálta ar shábháilteacht dóiteáin ar fud na tire.

Le linn na Seachtaine Náisiúnta Sábháilteachta Dóiteáin, 2013, reáchtáil Seirbhís Dóiteáin na Mí sraith gníomhaíochtaí a chuimsigh feachtais sna meáin, bualadh le grúpaí sainspéise, laethanta oscailte Stáisiún Dóiteáin a eagrú agus cuairteanna a thabhairt ar scoileanna chun an teachtaireacht sábháilteachta dóiteáin a chur chun cinn.

## Staitisticí Dóiteáin - 2013

| | An Uaimh | Dún Seachlain | Cill Dhéagláin | Baile Átha Troim | Ceanannais | Seanchaisleán | An Obair | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **Foirgnimh Bhaile** | | | | | | | | |
| **Dóiteán Simléir i dTithe** | **27** | **8** | **5** | **35** | **16** | **14** | **2** | **107** |
| **Dóiteán Baile Eile** | **32** | **11** | **10** | **14** | **8** | **5** | **5** | **85** |
| **Árasáin & Mionárasáin** | **4** | **2** | **1** | **2** | **2** | | | **11** |
| **Carbháin/Tithe Soghluaiste** | **1** | **1** | | | | | | **2** |
| **Institiúidí:** | | | | | | | | |
| **Scoileanna/Ospidéil/Eile** | **3** | | | | **2** | **1** | **1** | **7** |
| **Tionscail:** | | | | | | | | |
| **Monarchana** | **6** | **2** | **2** | **2** | **3** | **2** | **3** | **20** |
| **Tráchtáil:** | | | | | | | | |
| **Siopaí/Ollmhargaí/Oifigí** | **4** | | **1** | | **1** | | | **6** |
| **Bialanna** | | | **1** | | | | | **1** |

| | An Uaim h | Dún Seachlain n | Cill Dhéaglái n | Baile Átha Troi m | Ceanannа is | Seanchaisleá n | An Obai r | Iomlá n |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Óstáin/Tithe Aíochta/Tithe Lóistín | | | | 1 | | | | 1 |
| Seirbhís: | | | | | | | | |
| Tithe Ósta | | 1 | | | | | | 1 |
| Bialanna | | | | | | | | 0 |
| Láithreáin Siamsaíochta Poiblí | | | | | | | | 0 |
| Eile: | | | | | | | | |
| Motarfheithiclí | 42 | 14 | 17 | 15 | 8 | 2 | 3 | 101 |
| Stáisiuin Peitril & Garáistí | 1 | 1 | | | | | | 2 |
| Foirgnimh gan Chónaí | 10 | 2 | 5 | 3 | | | | 20 |
| Foirgnimh Talmhaíochta | | 1 | 2 | 1 | 1 | | | 5 |
| Coillte/Portaigh/Féarach srl. | 24 | 8 | 14 | 15 | 9 | 3 | | 73 |
| Stóráil Lasmuigh | 11 | 3 | 4 | 5 | 3 | 1 | 2 | 29 |
| Dramhaíl Lasmuigh | 44 | 6 | 14 | 9 | 11 | 3 | | 87 |
| Ilghnéitheach | | | | | | | | 0 |
| Iomlán na nDóiteán 2013 | 209 | 60 | 76 | 102 | 64 | 31 | 16 | 558 |
| Eachtraí Bréagrabhaidh | | | | | | | | |
| 1. Mailíseach | 6 | 3 | 1 | 4 | 1 | | | 15 |
| 2. Dea-Mhéin | 22 | 10 | 10 | 14 | | 3 | 1 | 60 |
| Iomlán na nEachtraí Bréagrabhaidh | 28 | 13 | 11 | 18 | 1 | 3 | 1 | 75 |
| Seirbhísí Speisialta | | | | | | | | |
| Timpistí Tráchta ar Bhóithre | 22 | 23 | 23 | 14 | 5 | 5 | 4 | 96 |
| Tuilte Caidéalaithe Uisce | 2 | | | 2 | 4 | 17 | | 25 |

| | An Uaimh | Dún Seachlainn | Cill Dhéagláin | Baile Átha Troim | Ceanannais | Seanchaisleán | An Obair | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Substaintí Guaiseacha | 2 | | 2 | | 1 | 7 | 1 | 13 |
| Tarrthálacha Neamhdhóiteáin eile | 6 | | 1 | | | | 3 | 10 |
| Ilghnéitheach | 32 | 15 | 13 | 23 | 5 | 18 | 9 | 115 |
| Iomlán na Seirbhísí Speisialta | 64 | 38 | 39 | 39 | 15 | 47 | 17 | 259 |
| Iomláin | 301 | 111 | 126 | 159 | 80 | 81 | 34 | 892 |

# Cosaint Shibhialta

Leantar leis an suim mhór a bhíonn ag daoine ar mian leo a gcuid ama a thabhairt go deonach do Chosaint Shibhialta. Faoi láthair tá os cionn dhá chéad ball deonach gníomhach páirteach i gCosaint Shibhialta ar fud na tíre, a rangaíonn go náisiúnta mar cheann de na leibhéil is airde rannpháirtíochta in aghaidh an duine.

Samhlaítear go mbeidh ballraíocht ghníomhach den mhéid seo riachtanach chun an iliomad seirbhísí agus dualgas a chuireann Údaráis Áitiúla na Mí ar fáil i gcaitheamh na bliana a chomhlíonadh. Chomh maith le gníomhaíochtaí oiliúna rialta bhí oibrithe deonacha na Cosanta Sibhialta páirteach i gcéad agus tríocha imeacht i rith 2013, ag soláthar cabhrach do na seirbhísí éigeandála agus do na pobail áitiúla.

Ós go bhfuil líon mór oibrithe deonacha fanta gníomhach thar na blianta is dóigh go mbeidh sé riachtanach teorainn a chur le hearcaíocht chun dáileadh airgeadais a bhainistiú chomh héifeachtach agus is féidir.

Cheadaigh dáileadh deontas na Cosanta Sibhialta in 2013 don eagraíocht a gcláir éigeandála agus oiliúna ar fud na naoi n-ionad oiliúna agus na gceithre shainghníomhaíocht oiliúna a choinneáil ag feidhmiú ar fud na tíre.

De bharr modúil nua oiliúna i gCuardach agus Tarrtháil Uirbeach, i dtarrtháil uisce Easa agus i Scileanna Leasa tá deis cur go mór leis na cláir oiliúna atá ar fáil d'oibrithe deonacha. Caithfear díriú ar chaiteachas sna réimsí seo. Ceaptar go mbeidh an t-athbhreithniú náisiúnta atá ar bun faoi láthair ar an gcóras dáilte deontais fabhrach do Chontae na Mí, bunaithe ar an leibhéal gníomhaíochta agus ar rannpháirtíocht na n-oibrithe deonacha san eagraíocht.



# Tithíocht

Tá beartas tithíochta á athrú ó thógáil agus ó fháil thraidisiúnta tithíochta go dtí foinsí eile soláthair, ina measc léasú fadtéarmach, Scéim Cóiríochta Cíosa (RAS), agus Comhlachtaí Ceadaithe Tithíochta tríd an Scéim Cúnaimh Caipitil srl, agus mar thoradh air sin, tá laghdú tagtha ar leithdháileadh Caipitil le blianta beaga anuas. Dúshlán ollmhór don Údarás Tithíochta é sin. Ina ainneoin sin, áfach, bhí Roinn Tithíochta Chomhairle Contae na Mí in ann roinnt tionscadal a bhrú chun cinn in 2013.



Scéim Athchóirithe Páirceanna Súgartha

**Cuireadh na tionscadail a leanas chun cinn in 2013:**

- Tugadh lárú na Meastóireachta Tithíochta agus na seirbhísí iarratais chun críche i bhFeabhra 2013.
- Tugadh ceannach 7 dteach le leithdháileadh ar iarrthóirí tithíochta sóisialta chun críche faoin gclár éadála infheistíochta tithíochta sóisialta.
- Tá dul chun cinn mór déanta ar an scéim oibreacha Feabhais i bPáirceanna Súgartha na hUaimhe le maoiniú Caipitil d'os cionn €3m a chaitheamh in 2013.  €10 milliún costas iomlán na scéime.  Táthar ag súil go dtabharfar an scéim chun críche go luath in 2014.

- Cúnamh Caipitil curtha ar fáil do Chumann Tithíochta Thoir & Thuaidh chun 4 aonad cóiríochta a thógáil do dhaoine scothaosta ar Shráid na Carraige, i gCeanannas.

- Cúnamh caipitil curtha ar fáil d'Fhoras Muiriousa le haghaidh éadáil a ghlacadh ar theach 5 sheomra chun cóiríocht a chur ar fáil do dhaoine le míchumas i mBaile Átha Troim.

- Ghlac an Chomhairle páirt i gconradh chun 23 aonad a thógáil ar léas ar na Maudlins, Damhliag, faoin scéim léasaithe fhadtéarmach.

- Íocadh amach €624,431 de mhaoiniú deontais do 44 iarrthóir ar deontas tithíochta faoi na scéimeanna a leanas – Deontas Oiriúnaithe Tithíochta do Dhaoine le Míchumas, Cúnamh Tithíochta do Dhaoine Scothaosta agus Deontas na nÁiseanna Soghluaisteachta.

- Cuireadh 3 shíneadh agus 8 gcinn d'oibreacha oiriúnaithe ar aghaidh chuig stoc na Comhairle.

- De bharr go bhfuil ardú tagtha ar an líon daoine atá á láithriú féin mar dhaoine gan dídean, ceapadh Oibrí Lonnaíochta For-rochtana breise.

- Tugadh na cuspóirí cóiríochta sa Chlár Cóiríochta do Thaistealaithe 2009 -2013 chun críche ina n-iomláine i mi na Márta 2013, 9 mí roimh an sprioc.

- Tugadh an chéad aistriú maidir le Cíos in ionad Morgáiste chun críche sa chontae le dhá chás eile faofa.

Ainneoin na cúinsí deacra eacnamaíocha lean an Chomhairle le béim a leagan ar bhainistíocht agus ar fheabhsú an stoic atá ann cheana, lena n-áirítear leanúint leis an gclár uasghrádaithe ar an stoc tithíochta. Rinneadh na hoibreacha faoi leith seo a thabhairt chun críche:

- Oibreacha uasghrádaithe éifeachtúlachta fuinnimh déanta ar os cionn 200 aonad tithíochta ar fud an chontae le maoiniú ón Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil, ón S.E.A.I. agus ó acmhainní na Comhairle féin. Tá sé beartaithe ag an scéim reatha insliú áiléir agus balla a chur ar fáil do thithe sóisialta ar fad thar tréimhse trí bliana.

- Oibreacha athchóirithe déanta ar 75 corrfholúntas.

- Seirbhísiú déanta ar na Coirí Gáis ina n-iomláine in 2013, le os cionn 80% de choirí ola agus go leor córais breosla sholadaigh seirbhísithe faoi chothabháil fhreagartha.

# Tacaíocht Tithíochta Sóisialta

## Measúnú ar Riachtanais Tithíochta 2013

Measúnú ar Riachtanais Tithíochta déanta in Aibreán 2913. Mar thoradh, tá an glanriachtanas tithíochta don chontae cothrom le 2,525 teaghlach. Faigheann an tÚdarás Tithíochta 25 iarratas sa tseachtain ar an meán ag lorg tacaíocht tithíochta sóisialta.

## Leithdháileadh Tithíochta

D'fhreastail Údaráis Áitiúla na Mí ar riachtanais tithíochta do 220 teaghlach le linn 2013, faoi scéimeanna ar leith lena n-áirítear trí chorrfholúntas, tríd an Scéim Cóiríochta Cíosa, trí léasú sóisialta agus trí na comhlachtaí tithíochta deonacha.

## Easpa Dídine

Le linn na bliana, déabhlóideadh maoiniú na seirbhísí Easpa Dídine ón Roinn Comhshaoil, Pobail & Rialtais Áitiúil go Comhairle Chontae Chill Dara, an tÚdarás atá i gceannas ar Réigiún Easpa Dídine an Lár-Oirthir. Cuireadh teorainn leis an maoiniú a fuair Comhairle Chontae na Mí ag €186,593. Ainneoin go dtáinig laghdú suntasach ar mhaoiniú, bhain 120 teaghlach agus daoine singil den chuid is mó leas as Seirbhísí Easpa Dídine na Comhairle le linn na bliana. Rinneadh láithreoirí gan dídean a éascú i gcóiríocht éigeandála, i gcóiríocht phríobháideach ar cíos, i ngnáth-thithíocht an údaráis tithíochta áitiúil nó iad a nasctha le seirbhísí idirghníomhaireachta eile ag brath ar a riachtanais faoi leith.

# Acmhainní Daonna

## An Méid a Baineadh Amach in 2013

Ba bhliain dhúshlánach go leor a bhí in 2013 do Chomhairle Chontae na Mí ó thaobh acmhainní daonna de.

Éilíodh ar na húdaráis áitiúla leanúint le párolla agus le costais ghinearálta riaracháin eile a laghdú.

I measc na dtionscnamh, áirítear an moratóir leanúnach ar earcaíocht (seachas poist atá ceadaithe go sonrach), an t-ath-leithdháileadh agus atheagrú foirne agus oibre dá bharr sin, na folúntais shealadacha atá ann de bharr foirne ar asláithreachtaí fadtéarmacha a fhágáil gan líonadh, an stad a cuireadh le socraíochtaí chun gníomhú ag leibhéal níos airde, cur i bhfeidhm Chomhaontas Chobhsaíocht Sheirbhís Phoiblí Bhóthar Haddington 2013 – 2016, próiseáil cheanglais údarás áitiúil na Scéime Iomarcaíochta Deonaí a tugadh isteach ar bhonn náisiúnta, agus na ceanglais athraithe agus trasdula chun feidhm na Seirbhísí Uisce a aistriú chuig an gcuideachta fóntais uisce nua 'Uisce Éireann'.

## Baill Foirne ag Filleadh ar an Obair

Miondealú foirne de réir earnála ó mhí na Nollag 2013, curtha ar aghaidh chuig an Roinn Comhshaoil, Pobail & Rialtais Áitiúil.

### Miondealú Foirne de réir Earnála

| Earnáil | Uimhir | WTE |
|---|---|---|
| Bainistíocht | 6 | 6 |
| Cléireachas/Riarachán | 298 | 272.5 |
| Gairmiúil/Teicniúil | 130 | 130 |
| Lasmuigh | 207 | 188.5 |
| Nithe breise | 6 | 4.6 |
| Conradh | 15 | 6.5 |
| Comhraiceoir dóiteáin | 72 | 12 |
| Neamh DoECLG | 2 | 2 |
| Eile | 3 | 2.3 |
| Iomlán | 739 | 624.4 |

*752 le coibhéis lánaimseartha (WTE) ag 636.1 an líon iomlán foirne ag an tréimhse chéanna de 2012.*

# Aoisliúntas

| Gníomhaíocht | Uimhir in 2013 |
|---|---|
| Scoir Údarás Áitiúil na Mí | 7 |
| Aisce Comhraiceoirí Dóiteáin | 2 |
| Sochair Choinnithe | 1 |
| Scéim Iomarcaíochta Dheonach | 1 |
| Aiscí do Bhás i Seirbhís | 2 |

# Oiliúint

Lé linn 2013, chuir an tAonad Oiliúna athbhreithniú cuimsitheach oiliúna i gcrích, athbhreithniú ar oiliúint Sláinte agus Sábháilteachta go mór mhór ar fud na heagraíochta, le cabhair ó fheidhmiú an mhodúil Oiliúna CORE. Rinneadh dul chun cinn mór maidir le coimeád taifead, le heasnaimh oiliúna a aithint, agus le modhanna oiliúna & tuairiscithe a chur ar fáil. Déanfar anailís bhreise ar oiliúint ar fud na heagraíochta go luath in 2014, chun an próiseas a thabhairt chun críche sula gceapfar Plean Oiliúna ar aon dul le Pleananna Forbartha Pearsanta (PDP) agus le Pleananna Forbartha Leanúnacha Gairmiúla (CPD).

# Caidreamh Tionsclaíoch

Leanann an Chomhairle ag obair go leanúnach leis an bhfoireann ar fad agus le ceardchumainn na foirne chun réimse leathan saincheisteanna a thagann chun cinn ó am go chéile a réiteach. Leanadh le cruinnithe leis na ceardchumainn ar fad i ndáil leis na tionscnaimh a bhí a gcur i bhfeidhm chun an sábháil ar chostas riachtanach a bhaint amach. Eagraíodh cruinnithe IR/HR le roinnt ceardchumann in 2013, chun tionscnaimh agus saincheisteanna straitéiseacha agus oibríochta araon a ardú agus chun díriú ar na saincheisteanna sin chomh maith.

# Faisnéis Teicneolaíochta

Le linn 2013, lean an rannóg Córais Faisnéise le tionscadail fheabhsaithe gnó a chur ar fáil ar fud na heagraíochta ar fad, chomh maith le bheith dírithe ar chobhsaíocht oibríochta agus ar shlándáil sonraí.

## Réitigh Ghnó

Ta an córas SugarCRM curtha i bhfeidhm ag Comhairle Chontae na Mí ar fud na heagraíochta, mar chóras bainistíochta cáis.  Áirítear Fix Your Street mar cheann de na chéad seirbhísí atá a bhainistiú tríd an gcóras.  I measc nithe eile áirítear cur i bhfeidhm réiteach inlín ar chóras faisnéise geografaí (GIS) a léiríonn go leor de na príomhthacair shonraí léarscáilithe, a chuireann faisnéis láthair-bhunaithe, atá feabhsaithe go mór, ar fáil d'fhoireann agus do bhainistíocht na Comhairle. Leanadh leis an gCóras iHouse a chur i bhfeidhm chun tacú le próisis tithíochta agus cuireadh síneadh le córas bainistíochta doiciméid Alfresco a chur i bhfeidhm chun tacú le doiciméadúchán Sláinte agus Sábháilteachta ina iomláine.

## Oibríochtaí TF

I measc na bpríomhthionscadal a cuireadh i bhfeidhm áiríodh an córas teileafónaíochta a uasghrádú, tacair shonraí an Fhreastalaí SQL a uasghrádú, agus na córais Acmhainní Daonna (HR) agus Párolla a aistriú chuig óstáil lárnach.

# Iompar agus Sábháilteacht ar Bhóithre

## Réamhrá

Tá os cionn 3,500 km de ghréasán bóthair le bainistiú agus le cothabháil ag Comhairle Chontae na Mí. Déantar é seo le comhoibriú agus cabhair ón Údarás Náisiúnta Iompair (NTA), ón Údarás um Bóithre Náisiúnta (NRA) agus ón Roinn Iompair Turasóireachta agus Spóirt (DTTAS) trí 4 phríomh-eilimint, is iad sin:

- Cothabháil ar bhóithre lena n-áirítear gnáthchothabháil, cothabháil gheimhridh, cóiriú dromchla agus soilsiú poiblí.
- Feabhsú bóithre, lena n-áirítear Feabhsú Lánroghnach, Feabhsú Athchóirithe, Scéimeanna Feabhsaithe ar Leithligh agus scéimeanna feabhsaithe eile.
- Trácht ar Bhóithre, lena n-áirítear bainistíocht agus sábháilteacht tráchta.
- Tionscnaimh Iompair Inbhuanaithe.

## An Méid a Baineadh Amach in 2013

In 2013, cuireadh roinnt scéimeanna Feabhsaithe Bóithre i gcrích nó cuireadh tús le roinnt scéimeanna, a chuideoidh le héifeachtúlacht agus le sábháilteacht an ghréasáin bóthair a fheabhsú ina iomláine. I mí Mheithimh 2013, chuir an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt (DTTAS) leithdháileadh de €2.1 m. sa bhreis ar fáil d'fheabhsú athchóirithe i ndiaidh ionadaíochtaí a dhéanamh thar ceann Ionadaithe Tofa na Comhairle. Cuireadh €105,000 sa bhreis ar fáil d'oibreacha draenála go sonrach.

Áirítear ar an méid a baineadh amach:

- Clár oibreacha bóthair de luach €20.3 curtha ar fáil.
- €1.5m. daingnithe thar thréimhse 2 bhliain ón Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt le haghaidh Scéimeanna Rannpháirtíochta Pobail píolótacha. Cuireadh tús leis na scéimeanna in 2013, agus tá 19 scéim ar bun faoi láthair.
- Creat 4 bliana bunaithe chun conarthaí a thabhairt chun críche.

Cuireadh na Scéimeanna Bóithre Náisiúnta den dara grád seo a leanas chun cinn in 2013:

- Bóthar na hUaimhe/ Bhaile Shláine an N51 – An Caisleán Dubh, An Uaimh agus Sráidbhaile Shláine, le bheith tugtha chun críche i bhFeabhra, 2014.
- Céim 2 Dhún Mó an N51.
- Acomhal an Bhealaigh Bhuí an N51/an R164.
- Athchóiriú Phábháil Chrosaire Thiar Bhaile an Tulcháin an N51.
- Scéim Athailínithe an N52 ó Bhaile Stiofáin go Fringestown.
- Príomhshráid Bhaile Átha Buí, an N51 – go leor den obair athchóirithe pábhála tugtha chun críche.

Rinneadh faid an ghréasáin bóthair den dara grád seo a leanas a chothabháil in 2013:

*Athchóiriú Bóithre:*

- 9 km de Bhóithre Réigiúnacha.
- 55 km de Bhóithre Áitiúla.

*Cóiriú Dromchla:*

- Réigiúnach – 19 km (lena n-áirítear faid na mbóithre athchóirithe).
- Áitiúil – 127 km (lena n-áirítear faid na mbóithre athchóirithe).
- Obair deisiúcháin éigeandála déanta i ndiaidh turnaimh ar an L56042 ar an Mhainistir Mhór.

## Scéimeanna Iompair Inbhuanaithe

Cuireadh clár de luach €2.6 m. ar fáil in 2013, lena n-áiríodh:

- Ceadú Chuid 8 faighte do 3 Phríomhthionscadal Glasbhealaigh:
- Glasbhealach na Bóinne (Céim 1);
- Glasbhealach na Canála Ríoga.
- Glasbhealach Ghleann na Bóinne go Ceantar Fhearann an Locha.
- Tús le hobair thógála ar Ghlasbhealach na Bóinne Céim 1.
- Obair thógála ar ghréasán mór rothaíochta i mBaile Sheáin san Uaimh, a leanann ó oscailt champas nua scoile Chéim 1.  Tá cuid mhór de na hoibreacha le bheith tugtha chun críche faoi dheireadh 2013.

- Pleananna iompair do Cheanannas agus do Bhaile Átha Troim.

Tús le Conarthaí Athnuachana agus Cothabhála Mótarbhealaigh (MMaRC) a d'eisigh an tÚdarás um Bóithre Náisiúnta (NRA) in 2013, agus tá an Chomhairle tiomanta comhoibriú leis an NRA agus le conraitheoirí an NRA chun na conarthaí a chur i bhfeidhm go sásúil.

Leanadh leis an obair ar sheachadadh na seirbhísí a leanas:

- Gnáthchothabháil.
- Seirbhís Cothabhála Geimhridh.
- Seirbhísí Soilsithe Poiblí.
- Rialú Forbartha / Comhairle Pleanála Iompair.
- Cothabháil Innealra agus Gléasra.
- Scéimeanna Feabhsaithe Sábháilteachta ar Bhóithre.
- Oideachas maidir le Sábháilteacht ar Bhóithre a chur chun cinn.
- Éifeachtúlacht Fuinnimh.

# Oideachas maidir le Sábháilteacht ar Bhóithre a chur chun cinn

Tá cur chun cinn Sábháilteachta ar Bhóithre mar ghné an-tábhachtach den Roinn Iompair agus tá Oifigeach tiomnaithe Sábháilteachta ar Bhóithre de chuid na Roinne, a lean le feachtais sábháilteachta ar bhóithre a chur ar bun in 2013, ag oibriú i bpáirtíocht le Scoileanna, le Clubanna agus le Cumainn chun Sábháilteacht ar Bhóithre a chur chun cinn, agus a chuidigh le Straitéis an Rialtais ar Shábháilteacht ar Bhóithre a chur chun cinn.

# Pleanáil agus Iompar Straitéiseach

## Bainistíocht Forbartha

Tá titim de bheagán tagtha ar an líon Iarratas Pleanála a fhaightear go seachtainiúil ó 21 in 2012 go 20 in 2013.

Fuarthas agus próiseáladh 1024 iarratas le linn 2013, a léirigh titim de 7% ar 2012, cé go bhfuil an t-éileamh ar chomhairliúcháin réamhphleanála fhoirmiúla fós láidir.

### Próifíl iarratas pleanála a ndearna Údaráis Áitiúla na Mí cinneadh ina leith:

| Catagóir | Iarratais a cinneadh | % Deontais | % Diúltaithe | Uimhir cásanna deimhnithe ag an mBord Pleanála | Uimh. Cásanna a ndearna an Bord Pleanála malartú orthu |
|---|---|---|---|---|---|
| **Forbairtí Tithíochta** | **13** | **10** | **3** | **0** | **0** |
| **Teach Aonair** | **169** | **142** | **27** | **4** | **1** |
| **Forbairt eile nach bhfuil EIS mar riachtanas** | **500** | **456** | **44** | **28** | **5** |
| **A bhfuil EIS riachtanach** | **18** | **15** | **3** | **2** | **0** |

# Príomhiarratais Phleanála a Fuarthas nó ar ndearnadh Cinneadh ina leith le linn 2013

## Saoráidí Scoile

Baile Iúiliáin, Cill Dhéagláin, Baile Chainín, Muileann an Chláir, Ráth Tó, Dún Seachlainn, Carraig Leice, Dún Búinne, Maol Hosae, Cill Déagla, Carn na Ros, An Bóthar Mín, Lios Muilinn, Droichead Átha, Baile Átha Buí, Baile Eoin, agus Maigh Dearmhaí.

## Saoráidí Spóirt nó Pobail

Baile an Locha, Cill Dhéagláin, An Seanchaisleán, Cill Bhríde, Baile Iúiliáin, Damhliag agus Baile Phoill.

## Forbairtí Tithíochta

Baile Íomhair, Dún Seachlainn, Cill Dhéagláin, Domhnach Cairnigh Mór, Dún Búinne, Baile Átha Troim, Cill Choca agus Baile an Bhiataigh.

## Saoráidí Cúram Leanaí

Clonee, Baile na Rátha, agus Carn na Ros.

## Cairéil

Baile Shláine, Cill Mhaighneann, agus Damhliag.

## Saoráidí Turasóireachta/Conláiste

Currach Átha, Ráth Beagáin, Baile Átha Troim, Droichead Chearbhalláin agus An Seanchaisleán.

## Saoráidí Fuinnimh/Tionsclaíocha/Tráchtála

Baile Átha Buí, Baile Shláine, Damhliag agus Droichead Chearbhalláin.

# Próifíl Iarratais

| | |
|---|---|
| **Cead Imlíneach** | **3** |
| **Cead tar éis imlíne** | **1** |
| **Cead** | **688** |
| **Coinneáil** | **168** |
| **Síneadh le Tréimhse Ama** | **164** |
| **Cuid 8** | **10** |
| **Alt 5 agus 597 Deimhniú Díolúine** | **48** |

# Ceadúnú Imeachta

Ceadaíodh Ceadúnais Imeachta le haghaidh dhá cheolchoirm a eagraíodh ag Caisleán Bhaile Shláine i Meitheamh agus i Lúnasa 2013.

# Scéim Ranníocaíochtaí Forbartha

Fuarthas €4.23 m. i Ranníocaíochtaí Forbartha le linn 2013, ardú de 30% ar 2012. Rinneadh athbhreithniú ar an scéim Ranníocaíochta Forbartha le linn 2013, agus tá lascainí anois san áireamh chun íocaíochtaí luath ar ranníocaíochtaí a spreagadh.

# Pleanáil agus Forbairt Eacnamaíoch SPC

Tháinig an SPC Pleanála & Forbartha Eacnamaíche le chéile faoi dhó agus breithníodh na saincheisteanna seo a leanas a bhaineann le beartas:

- Cláir oibre a phleanálann chun cinn.
- An Fóram Eacnamaíoch.
- Straitéis Eacnamaíoch a ullmhú.
- An prótacal glacadh ar láimh d'eastáit chónaitheacha.
- Bremore Port Ireland.

# Rialachán Cairéil

D'éiligh alt S261A den Acht um Pleanáil agus Forbairt ar Údaráis Pleanála na cairéil ar fad ina gceantair riaracháin a scrúdú agus cinneadh a dhéanamh i leith forbairtí a tharla ar cheart cead pleanála a bheith ag gabháil leo, chomh maith le Measúnacht Tionchair Timpeallachta nó Measúnacht Tionchair Natura.

Thug Comhairle Chontae na Mí an próiseas sin chun críche in 2012, measadh gur cheart do 29 cairéal iarratas a dhéanamh chuig an mBord Pleanála ar Thoiliú ionadach agus gur cheart do 20 Cairéal scor dá gcuid oibríochtaí. Chuir 37 cairéal a gcearta reachtúla i bhfeidhm le hathbhreithniú, leis an mBord Pleanála ag deimhniú cinntí na nÚdarás Pleanála i 26 chás. Cuireadh isteach iarratais ar 8 dToiliú Ionadacha i ndiaidh a chéile chuig an mBord Pleanála.

# Rialachán Pleanála a chur i bhFeidhm

- 345 litir rabhaidh eisithe le haghaidh forbairtí neamhúdaraithe agus neamhchomhlíonadh le coinníollacha pleanála.
- 145 fógra forfheidhmiúcháin eisithe ina dhiaidh sin, le 6 chás tugtha chun na Cúirte.
- 6 eastát tithíochta nua glactha ar láimh.
- Cuireadh tús le hoibreacha feabhais ar infreastruchtúr eastáit uireasach ar eastát i gCill Dhéagláin.

# Rialacháin Fhoirgnimh

- 103 foirgneamh scrúdaithe ag an Oifigeach Rialaithe Tógála.
- Fuair an Chomhairle 329 fógra tosach feidhme a chuimsíonn 413 foirgneamh.
- Fuair an tÚdarás Rialaithe Tógála 79 teastas rochtana do dhaoine faoi mhíchumas

# Pleanáil Chun Cinn

- Glacadh le Plean Forbartha Chontae na Mí 2013 – 2019 an 17 Nollaig 2012.
- Glacadh le Athrú Uimh. 1, soiléiriú modheolaíochta do chur i bhfeidhm na Straitéise Lárnaí atá tugtha i bPlean Forbartha an Chontae an 4 Samhain 2013.
- Foilsíodh Athrú 2, lena n-áiríodh tograí sonracha chun candam shaincheantar na dtailte cónaitheacha agus tráchtála sna lonnaíochtaí ar fad a aithint an 18 Nollaig 2013.
- Glacadh le Plean Forbartha Cheanannais an 7 Deireadh Fómhair 2013.
- Foilsíodh Dréachtphlean Forbartha Bhaile Átha Troim an 9 Meán Fómhair 2013.

# Comhairlí Baile

## Comhairle Bhaile Cheanannais

### Struchtúr agus Seirbhísí

Is é Comhairle Bhaile Cheanannais an tÚdarás Áitiúil do Cheantar Uirbeach Cheanannais. Tá sé comhdhéanta de naoi gcomhairleoir atá tofa go díreach.

Bhí na Comhairleoirí ar Chomhairle Bhaile Cheanannais in 2012 mar a leanas:

| | | |
|---|---|---|
| **Comhr. Sarah Reilly (Cathaoirleach Ean.- Meith. 2013)** | **Fine Gael** | **36 Plás Bective, Ceanannas, Co. na Mí.** |
| **Comhr. Frankie Lynch (Leaschathaoirleach Ean.-Meith. 2013)** | **Fianna Fáil** | **40 Plasóg na Feá, Gort na Carraige, Co. na Mí.** |
| **Comhr. Brian Curran** | **Gan Páirtí** | **4 Bailtíní Cholm Cille, Ceanannas, Co. na Mí.** |
| **Comhr. Tommy Grimes** | **Lucht Oibre** | **14 Páirc an Athar Mhic Cuilinn, Ceanannas, Co. na Mí.** |
| **Comhr. Conor Ferguson** | **Sinn Féin** | **Bóthar na hUaimhe, Ceanannas, Co. na Mí.** |
| **Comhr. Bryan Reilly** | **Fianna Fáil** | **Bóthar Ghort na Carraige, Co. na Mí.** |
| **Comhr. Oliver Sweeney** | **Fine Gael** | **Hurdlestown, Ceanannas, Co. na Mí.** |
| **Comhr. Brian Collins** | **Lucht Oibre** | **Bóthar Chabháin, Ceanannas, Co. na Mí.** |
| **Comhr. Sean Drew** | **Fianna Fáil** | **8 Corrán Cheanannais, Ceanannas, Co. na Mí.** |

## Príomhghníomhaíochtaí

Cuireann Comhairle Bhaile Cheanannais réimse leathan seirbhísí ar fáil atá riachtanach d'fhorbairt agus d'fheidhmiú an bhaile.

Seirbhísí a áirítear:

- Tithíocht
- Rialú Pleanála & Forbairt
- Bóithre Uirbeacha.

- Uisce & Fuíolluisce.

# Tithíocht

127 teach, stoc iomlán tithíochta ar cíos na comhairle baile.

# Iompar & Sábháilteacht ar Bhóithre

## Maoiniú Bhlocdheontas 2013

In 2013, cuireadh an Blocdheontas Uirbeach de €161,300 in úsáid ar na hoibreacha a leanas:

- Athdhromchlú ar Lána an Phitséir, a cheanglaíonn Bailtíní Cholm Cille agus Gléib an Ard-deagánaigh le Sráid na Carraige.
- Soilsiú poiblí le cur suas ar an lána ar chúl na dtithe i mBailtíní Cholm Cille, agus an soilsiú poiblí ar fud Bhailtíní Cholm Cille a uasghrádú le lampaí atá níos éifeachtúla ó thaobh fuinnimh de.
- Athdhromchlú ar Chrosaire na Carraige.
- Athdhromchlú ar Bhóthar Ráth an Ghairdínigh Íochtaraigh ón gceangal le Bóthar Bhaile Átha Buí R164 go Halla an Tearmainn.
- Athdhromchlú ar limistéar bóthair phollaigh i bPáirc Cheanannais agus i gClós an Draighin.
- Athdhromchlú ar Phlás Cheanannais.
- Athchóiriú draenála ar Shráid Eoin.
- Colbhaí íslithe agus pábháil thadhlach le cur síos ag crosaire Shráid an Mhargaidh / Shráid na Croise.
- Limistéir cosáin le deisiú ar Shráid Maudlin, ar Shráid Uí Fhearaíl agus ar Shráid an Mhargaidh Nua.
- Spás nua páirceála do dhaoine le míchumas le cur isteach ag Sráid na gCanónach agus athnuachan le déanamh ar línte marcála ar spásanna páirceála eile do dhaoine le míchumas má bhíonn riachtanas leis.
- Ráillí le cur suas ar an mballa cloiche ar an mbealach isteach chuig Cúirt Maudlin.

## Páirceáil Íoctha

Chuir an Chomhairle Baile páirceáil saor in aisce ar fáil agus laghdaíodh ar thionscnaimh pháirceála in 2013, le linn na Féile *Hay*, agus le linn na Seachtaine Fiontraíochta.  Cuireadh páirceáil saor in aisce ar fáil arís le linn na deireadh seachtaine ag teacht suas d'aimsir na Nollag.

# Bainistíocht Forbartha

Áirítear sa rannán seirbhíse seo, oibríocht na feidhme pleanála, forbairt eacnamaíoch, forbairt ar chur chun cinn, ar mhargaíocht agus ar thurasóireacht.

Ghlac an Chomhairle le Plean Forbartha Cheanannais 2013 go 2019, i mí na Samhna 2013. Leagann an plean amach fís don bhaile ar feadh na 6 bliana amach romhainn agus léirítear réaltacht na gcúinsí eacnamaíocha reatha. Áiríodh beartais agus cuspóirí chun léiriú a thabhairt ar threoracha náisiúnta agus réigiúnacha agus ar threoirlínte ar dhaonra agus ar na huimhreacha tithíochta. Tugann an plean léiriú ar an riachtanas atá le díriú go cuimsitheach ar na hiarmhairtí diúltacha fadtéarmacha a bhaineann le baol tuile.

Tugadh oibreacha Chéim 1 i ndáil leis an Ionad Oidhreachta chun críche in 2011, trí dhíriú ar na saincheisteanna struchtúir dín a bhain leis an bhfoirgneamh. Cuireadh tús le hoibreacha Chéim 2 in 2012, agus tugadh na hoibreacha chun críche in 2013.

Chuir an Ciste Forbartha Áitiúil €5,000 ar fáil do ghrúpaí Pobail/Féilte Baile a fheidhmíonn sa bhaile. In 2013, d'fhág Féile *Hay* a rian ar an mbaile trí 7,000 cuairteoir a mhealladh chuig na himeachtaí ar leith a bhí ar bun thar thréimhse deireadh seachtaine. Sheol an Chomhairle Baile an imeacht go hoifigiúil i Halla na Cathrach, agus de bharr gur éirigh chomh maith sin leis an bhféile in 2013, tá imeacht na féile daingnithe ag an mbaile arís do 2014, agus táthar ag súil gur imeacht bhliantúil a bheidh ann ina dhiaidh sin. Tá creidiúint ag dul do chomhaltaí na gcoistí ar fad a bhí páirteach in eagrú na himeachta agus leis na grúpaí pobail áitiúla a chuidigh leis na hullmhúcháin. Tá cumas ag an bhféile seo, a bhfuil aitheantas idirnáisiúnta air, feidhmiú mar spreagthóir d'athbheochan eacnamaíoch leanúnach an bhaile.

Roghnaigh Banc na hÉireann, Ceanannas mar bhaile píolótach dá Seachtain Náisiúnta Fiontraíochta bhliantúil le €25k d'infheistíocht déanta i ngníomhaíochtaí eacnamaíocha a chur chun cinn. Seoladh imeachtaí go leor le linn na seachtaine seo, lena n-áirítear an scéim Dearbháin Bronntanais, Baile Ghnó Aois-bháúil Cheanannais agus Mórthaispeántas Pobail agus Spóirt Cheanannais a thug éagsúlacht spóirt, clubanna, cumainn agus áiseanna caitheamh aimsire le chéile. Chonaic Mórthaispeántas Jabanna agus Gnó Cheanannais os cionn 50 fiontar ag cur a ngnóthaí ar thaispeántas ar an lá. Bhí roinnt rannpháirtithe agus urlabhraithe tábhachtacha i láthair lena n-áirítear John Bruton, Cathaoirleach ar Fhóram Eacnamaíoch na Mí.

Tá roinnt gnóthaí nua agus/nó gnóthaí atá ann cheana féin suite nó athshuite in áitribh nua ar fud an bhaile in 2013. Roghnaigh Mafic Ireland Ceanannas mar shuíomh dá ngnó nua, ag cruthú 70 jab

nua.  D’fhógair HDS Energy le gairid gur mhian leo tús a chur leis an obair ar a ngléasra bithmhaise go luath in 2014, ina gcuirfear 220 jab ar fáil ag céimeanna na tógála agus na hoibríochta.  Léirigh CNN Ceanannas i gclár teilifíse a rinneadh ar bhailte na hÉireann i ndiaidh an chúlaithe eacnamaíochta, ag cur le poiblíocht dhearfach an bhaile, sna Stáit Aontaithe an uair seo.

## Seirbhísí Comhshaoil

Is mór ag an gComhairle obair Bhailte Slachtmhara Cheanannais, Mhórtas Cine Cheanannais, an Chomhlachais Tráchtála agus an grúpa Laochra Áitiúla, i dtacú le hobair foirne seachtraí na Comhairle Baile.  Chuidigh na grúpaí ar fad leis an dul chun cinn mór a bhí le feiceáil ar fud an bhaile an bhliain seo caite.

# Comhairle Bhaile na hUaimhe

Is é Comhairle Bhaile na hUaimhe an tÚdarás Áitiúil do Cheantar Uirbeach na hUaimhe.  Tá an Chomhairle comhdhéanta de naoi gcomhairleoir a toghtar go díreach.  Ba í an Comhr. Caoimhe Ní Shluáin a bhí mar Mhéara sa chéad leath de 2013, agus tháinig an Comhr. Francis Deane i gcomharbacht uirthi ina dhiaidh sin.

Tá na Comhairleoirí a bhí páirteach ar Chomhairle Bhaile na hUaimhe  mar a leanas:

| Ainm: | Polaitiúil | Seoladh |
|---|---|---|
| Jim Holloway | Fine Gael | Baile Fargáin, Bóthar na Bóinne, An Uaimh, Co. na Mí. |
| Joe Reilly | Sinn Féin | Cnoc Fhaicheáin, an Bóthar Mín, An Uaimh, Co. na Mí. |
| Anton McCabe | Lucht Oibre | 90 Fearann an Coille, An Uaimh, Co. na Mí. |
| Francis Deane | Gan Páirtí | 5 Céide na hAbhann Duibhe, An Uaimh, Co. na Mí. |
| Shane Cassells | Fianna Fáil | 52 Oakleigh, An Uaimh, Co. na Mí. |
| Caoimbe Ní Shluáin | Sinn Féin | Baile Ghib, An Uaimh, Co. na Mí. |
| Padraig Fitzsimons | Fianna Fáil | Teach Cnóbha, Ráth Arlain, An Uaimh, Co. na Mí. |

| Ainm: | Polaitiúil | Seoladh |
|---|---|---|
| Suzanne Jamal | Fine Gael | 'Rahmat', Baile an Phléimeannaigh, Baile na Rátha, Co. na Mí. |
| Phil Brennan | Gan Páirtí | 41 Silverlawn, An Uaimh, Co. na Mí. |

# Príomhthionscadail

## Páirc na hAbhann Duibhe

Tá an Uaimh ar cheann de na hionaid daonra is mó fáis sa Chontae le blianta anuas a spreagann fás uirbeach sa Réigiún de bharr shuíomh an bhaile.

Tá An Uaimh aitheanta mar phríomh-ionad fáis sa Straitéis Spáis Náisiúnta agus sna Treoirlínte Pleanála Réigiúnacha araon. Mar thoradh, d'aithin an Chomhairle an riachtanas a bhí le páirc mhór a chur ar fáil chun freastal ar na riachtanais reatha agus ar na riachtanais amach anseo a bheidh ag Baile atá ag fás. Tar éis suíomh 68 acra a roghnú agus a cheannach, d'ullmhaigh Ferguson Mc Alveen, Ailtirí Tírdhreacha (URS Scott Wilson anois) dearadh don suíomh. Tar éis próiseas fada pleanála lena n-áiríodh Measúnacht Tionchair Timpeallachta (EIA), dheonaigh an Bord Pleanála cead pleanála i mBealtaine 2005.

Tailte a ceannaíodh agus atá faoi úinéireacht Chomhairle Chontae na Mí ó Mhianach Teamhrach.




Páirc na hAbhann Duibhe

**An méid a áirítear sa Scéim Foriomlán:**

Déanfar an méid úsáide agus is féidir a bhaint as an bPáirc Nua Phoiblí agus freastal do réimse leathan imeachtaí difriúla, imeachtaí gníomhacha , éighníomhacha agus éiceolaíocha.

Beidh an chóiríocht ar phríomheilimint saoráidí spóirt mar bhealach feiliúnach chun eilimint ghníomhach/caitheamh aimsire a fhorbairt. Cuirfidh an fhorbairt ar shraith siúlbhealach agus cosán rothaíochta tríd an bpáirc, caitheamh aimsire gníomhach agus éighníomhach ar fáil. Beidh soláthairtí spóirt mar Pháirceanna Peile, Páirc Chláir Scátála, Láthair faoi Dhíon, Áit do Ilchluichí, Faichí Bollaí, Ardán Iascaireachta, Puball/Ionad chun Athraithe srl. ar fáil agus in úsáid don Phobal ar fad. Léiríonn sé seo, cur chuige comhtháite na Comhairle ar fhorbairt Pobail go háitiúil agus taobh istigh den réigiún araon.

Chun an Scéim a sheachadadh, comhaontaíodh go gcaithfí é a thabhairt chun críche thar thréimhse chéimnithe.

Áiríodh i gCéim 1, na cáblaí lastuas srl. ar fad a chur faoi thalamh, siúlóid lúbtha (tuairim is 2,5 km) ar fad, ionad páirceála, bánna rothaíochta agus 3 pháirc imeartha lánmhéide agus bealach isteach atá deartha go healaíonta.

Cheadaigh Céim 1 na Scéime do radhairc thaibhseacha a fheiceáil ón bPáirc, a léireoidh briseadh i radharc na timpeallachta uirbí chomh maith leis an tírdhreachú atáthar ag súil leis. Léireoidh an fhorbairt ar na móinéir blátha fhiáin agus ar na móinéir chrannlainne an fhorbairt ar éiceachórais chomhshaoil.

Amach anseo, ceadóidh an Pháirc ceolchoirmeacha a reáchtáil agus déanfar forbairt ar tharraingtí, seomra tae nó caifé, a tharraingeoidh níos mó cuairteoirí.

- Tá crann curtha sa pháirc in aghaidh gach bunscoil san Uaimh.
- Tá bollán sa pháirc a bhí 1km faoi thalamh a dheonaigh Mianach Teamhrach.
- Tá an mogalra sciata a léiríonn grianghraif a tógadh de Ghleann na Bóinne, agus de bhealach Chanáil agus Mhúr Cosanta na Bóinne mar léiriú iontach ar thaitneamhacht amhairc na hUaimhe.

## Malartú Scoileanna Sparánachta Ezio Lupo

Tá clár malartaithe i bhfeidhm idir na scoileanna i Broccostella agus na scoileanna san Uaimh, atá ar siúl anois le 2 bhliain. Tá Broccostella na hIodáile mar bhaile nasctha leis an Uaimh.

I rith na chéad bhliana, thaistil triúr mac léinn as Scoil Chlasaiceach Naomh Pádraig san Uaimh, go Broccostella agus tháinig triúr ó Scoil Istituto Compressivo Evan Gorga i Broccostella go scoil na hUaimhe. Sa dara bliain thaistil Meánscoil Naomh Seosamh na Trócaire san Uaimh ar Broccostella.

Is malartú sóisialta agus cultúrtha i measc na n-óg é an comórtas scoileanna seo, agus leagtar síos bunús le haghaidh nasc daingean cairdis a chruthú idir an dá bhaile agus an dá phobal.




Seoladh Sparánacht Ezio Lupo 2014

## Ardán Ultáin, An Uaimh

Tugadh scéim oibreacha feabhais ar theaghlaigh in Ardán Ultáin chun críche in 2013. Is é seo an chéad scéim a tugadh chun críche sa chontae agus ceiliúradh an oscailt an 9 Bealtaine.

Sna hoibreacha atá bunaithe ar smaointe na gcónaitheoirí féin, áirítear an uimhir árasán a laghdú ó sé go trí theach úrscothacha chun achar urláir agus méid na seomraí codlata a mhéadú. Comhlíonann na haonaid ar fad leis an ainmniú breosla gan toit don Uaimh, a tháinig i bhfeidhm in 2013.

Cuimsítear sa scéim chomh maith, soláthar brathadóirí aonocsaíd charbóin, cnaipe bogus caller, corda éigeandála, brathadóir leaba/cathaoireach, teilifís chiorcaid iata (CCTV) agus limistéar geataithe agus tírdhreachtaithe amach ar aghaidh na n-árasán chomh maith le monatóirí leasa.



**Tógadh Ardán Ultáin ar dtús idir 1930 - 1936. Cinnteoidh an tionscadal athchóirithe ( leis an teicneolaíocht chliste a úsáidtear sna tithe san áireamh) go mbeidh na tithe faoi réir ag an saol nua-aoiseach ar feadh blianta fada.**

€210,000 a bhí mar chostas ar an tionscadal, a bhí maoinithe ina iomláine ag Comhairle Bhaile na hUaimhe.





**Féile Speigeltent na hUaimhe 2013**

# Comhairle Bhaile Átha Troim

## Seirbhísí agus Struchtúr

Tá na Comhairleoirí a bhí páirteach ar Chomhairle Bhaile Átha Troim mar a leanas:

| | | |
|---|---|---|
| **Comhr. William Bligh (Cathaoirleach Ean.-Meith. 2013)** | **Fine Gael** | **26 Páirc na mBráthar, Baile Átha Troim, Co. na Mí.** |
| **Comhr. James O'Shea (Cathaoirleach Meith.-Noll.2013)** | **Lucht Oibre** | **Navangate, Baile Átha Troim, Co. na Mí.** |
| **Comhr. Philip Cantwell** | **Gan Páirtí** | **''Villa Maria'', Fearann an Mhainéir, Baile Átha Troim, Co. na Mí.** |
| **Comhr. Trevor Golden** | **Gan Páirtí** | **Lána an Teampaill, Baile Átha Troim, Co. na Mí.** |
| **Comhr. Noel French (comhthofa i mBealtaine 2013 tar éis do Chomhr. William Fay éirí as a phost.)** | **Fine Gael** | **10 Bóthar Cheanannais, Baile Átha Troim, Co. na Mí.** |
| **Comhr. Vincent McHugh** | **Fianna Fáil** | **Teach Bhéal na mBuillí, Láithreach Córa, Baile Átha Troim, Co. na Mí.** |
| **Comhr. Michael Kenny** | **Lucht Oibre** | **Riverside, 44 Garrán na Fearnóige, Baile Átha Troim, Co. na Mí.** |
| **Comhr. Ronan McKenna** | **Fianna Fáil** | **6 Leacan Ais, Baile Átha Troim, Co. na Mí.** |
| **Comhr. Gerry Reilly (Leas chathaoirleach Ean.-Noll. 2013)** | **Fine Gael** | **Teach Teaguestown, Ifearnóg, Baile Átha Troim, Co. na Mí.** |

## Airgeadais

Chaith Comhairle Bhaile Átha Troim €2.2 d'ioncam in 2013 ag cur seirbhísí riachtanacha ar fáil don bhaile.

Tá an scála ranníocaíochta a chuireann an Chomhairle Baile ar fáil d'infreastruchtúr cultúrtha, sóisialta agus eacnamaíoch ríthábhachtach d'fhorbairt leanúnach agus tarraingteacht an bhaile le haghaidh infheistíocht, trí bheartais agus chláir phleanáilte.

## Comhshaol

Ghlac Comhairle Bhaile Átha Troim agus Coiste Bailte Slachtmhara Bhaile Átha Troim le roinnt tionscnaimh ar fud an bhaile agus muid dírithe ar an mbonn óir ag Comórtas Náisiúnta na mBailte Slachtmhara, ag laghdú ar an mbearna ó sé phointe go trí phointe a fuarthas ag gradaim 2013.

Chuir an Chomhairle roinnt cóirithe bláthanna ar na bóithre isteach chuig an baile agus ar shráideanna an bhaile.  Leantar leis an obair fheabhsúcháin agus cothabhála ar shráideanna an bhaile lena n-áirítear glantacháin bhruscair dheonacha sa bhaile i rith na deireadh seachtaine.

Bhain Coiste Bhailte Slachtmhara Bhaile Átha Troim bonn airgid amach in 2013 ag Comórtas Náisiúnta na mBailte Slachtmhara.

## Deontais Fóntais

Bronnadh deontais de luach €4,030 in iomlán ar na Cumainn Cónaitheoirí seo a leanas in 2013, chun na spásanna oscailte agus na háiteanna caitheamh aimsire ina n-eastáit tithíochta a fheabhsú.

| Cumann Cónaitheoirí | Méid | Cumann Cónaitheoirí | Méid |
|---|---|---|---|
| **Cumann Chónaitheoirí Arda Bhaile Uí Mhornáin.** | **€250** | **Páirc Ghrífín, Céim 2.** | **€280** |
| **Ionad Acmhainní Teaghlaigh Bhaile Átha Troim.** | **€250** | **Cumann Chónaitheoirí Chluain Rí.** | **€200** |
| **Cumann Chónaitheoirí Leac an Ais.** | **€400** | **Cumann Chónaitheoirí Avondale.** | **€200** |
| **Cumann Chónaitheoirí Eldergrove.** | **€350** | **Cumann Chónaitheoirí Sruthán na Giúise.** | **€200** |
| **Cumann Chónaitheoirí Radharc an Túir.** | **€200** | **Cumann Chónaitheoirí Sruthán na Giúise.** | **€200** |
| **Cumann Chónaitheoirí Maudlin Vale.** | **€350** | **Fearann an Mhainéir.** | **€200** |
| **Cumann Chónaitheoirí Chúirt de Granville.** | **€300** | **Cumann Chónaitheoirí Chúirt an Léisigh.** | **€200** |
| **Cumann Chónaitheoirí Pháirc Phádraig.** | **€250** | **Cumann Chónaitheoirí Radharc na Mainistreach.** | **€200** |

## Scéim Deontais Colour Trim Beautiful

In 2013, faomhadh dhá iarratas ar mhaoiniú mar chuid dár scéim péinteála mar a leanas:

| | |
|---|---|
| **Teachíní na Bóinne, Baile Átha Troim.** | **€250.00** |
| **Teach Halpin, An tSráid Ard, Baile Átha Troim.** | **€120.00** |

## Mórtas Áite

Roinneadh an comórtas ina chatagóirí ag brath ar an uimhir tithe san eastát. Bhí torthaí Bhaile Átha Troim mar a leanas:

- Fuair Baile Átha Troim an chéad áit i ngradaim na mBailte & na Sráidbhailte;
- Bhí Páirc Phádraig, Baile Átha Troim mar chomhbhuaiteoir ar an gConradh Frithbhruscair 2013 – Catagóir E;
- Bhuaigh Gaelscoil na Bóinne na Gradaim Mórtas Cine is Ceantair in 2013.

# Turasóireacht

Leanann an Chomhairle le turasóireacht a chur chun cinn trí Ionad Cuairteoirí a chur ar fáil i gcroílár an bhaile. Suite le hais Chaisleán Bhaile Átha Troim, is féidir le cuairteoirí eolas a fháil gan aon stró ar shuíomhanna oidhreachta, ar chóiríocht agus ar ghníomhaíochtaí i mBaile Átha Troim lena n-áirítear Ghleann na Bóinne.

I Meán Fómhair 2013, fuair an tIonad Cuairteoirí Ardmholadh mar chuid de na Gradaim Bailte Turasóireachta a bhronn Redmond O' Donoghue, Cathaoirleach Fáilte Ireland, agus an tAire Iompair, Turasóireachta agus Spóirt, Leo Varadkar T.D.

# Porch Field

Eagraíodh roinnt imeachtaí féile i Porchfields ó Bhealtaine go Meán Fómhair. Tharraing cuid de na himeachtaí móra os cionn 5,000 cuairteoir chuig an bhaile.

- Féile Déanamh Féir – Meitheamh 2013.
- Féile *Swift* – Iúil 2013.
- Féile Bhailte Múrtha na hÉireann – Lúnasa 2013.

Is conláiste nádúrtha é Porchfields; glacann an Chomhairle lena chinntiú go leanfar leis mar áis díol spéise do chuairteoirí atá ríthábhachtach agus chuir an Chomhairle €4,300 ar fáil chun uasghrádú a dhéanamh ar na cosáin in 2013.

# Aguisín 4 – Íocaíochtaí le Comhaltaí Chomhairle Chontae na Mí

Íocaíochtaí le Comhaltaí Chomhairle Chontae na Mí

| | |
|---|---|
| **Costais Bhliantúla na gComhairleoirí (Taisteal & Cothabháil)** | **€172,566.00** |
| **Liúntais don Chathaoirleach and don Leas-Chathaoirleach** | **€39,000.00** |
| **Liúntais a íoctar le Cathaoirligh na gCoistí um Beartas Straitéiseacha** | **€24,000.00** |
| **Íocaíochtaí Ionadaíochta na gComhaltaí (faoi réir ag cánachas)** | **€482,690.50** |
| **Caiteachas iomlán maidir le comhdhálacha Thar Lear** | **€16,236.49** |
| **Costais ilghnéitheacha** | **€6,088.91** |

# Aguisín 7 – Cruinnithe Na Comhairle – 2013

| | |
|---|---|
| Cruinnithe Míosúla | 11 |
| Cruinnithe Speisialta | 2 |
| Cruinnithe Bliantúla | 1 |
| Réamhbhuiséid agus Buiséid | 2 |
| Prótacail | 11 |
| CPG | 11 |
| SPC – Comhshaol | 4 |
| SPC - Infreastruchtúr | 1 |
| SPC – Sóisialta, Pobal & Cultúr | 1 |
| SPC – Pleanáil & Eacnamaíoch | 2 |
| Ceantar –<br>Dún Seachlainn<br>Ceanannas<br>An Uaimh<br>Baile Shláine<br>Baile Átha Troim | <br>12<br>10<br>11<br>11<br>11 |

# Aguisín 8 – Ráiteas Airgeadais Bliantúil

## Tuarascáil Airgeadais Bhliantúil Chomhairle Chontae na Mí

| Caiteachas | Ioncam (€m) | Caipiteal (€m) |
|---|---|---|
| Tithíocht & Tógáil | 11.727 | 8.831 |
| Iompar ar Bhóithre & Sábháilteacht | 28.441 | 10.714 |
| Uisce & Séarachas | 18.978 | 12.025 |
| Dreasachtaí & Rialuithe Forbartha | 7.862 | (0.552) |
| Cosaint Comhshaoil | 13.132 | 0.416 |
| Áineas & Taitneamhacht | 5.597 | 3.891 |
| Talmhaíocht, Oideachas, Sláinte & Leas | 3.667 | 0.176 |
| Ilghnéitheach | 11.236 | 5.333 |
| Iomlán | 100.639 | 40.834 |
| Ioncam (féach foinsí maoinithe thíos) | 49.431 | 30.161 |
| Glan-aistrithe | | 8.480 |
| Glanchostas Ioncaim le maoiniú ag an gContae | (51.208) | |
| Rátaí | 25.345 | |
| Ciste Rialtais Áitiúil & Asbhaint a bhaineann le Pinsin | 22.991 | |
| Muirir chuig Uirbeacha | 4.960 | |
| Aistriú ó (chuig) Cúlchistí | (0.815) | |
| Barrachas/(Easnamh) don bhliain | 2.903 | (2.194) |
| Iarmhéid Tosaigh (01/01/13) | (6.754) | 29.253 |
| Iarmhéid Deiridh | (3.851) | 27.059 |

| Foinsí Maoinithe | Ioncam (€m) | Caipiteal (€m) |
|---|---|---|
| Deontais Stáit & Fóirdheontais | 21.055 | 24.449 |
| Iasachtaí | | |
| Fáltais Eile | | 5.712 |
| Cíosanna ó Thithe | 7.105 | |
| Iasachtaí Tithíochta | 0.512 | |
| Uisce agus Séarachas Tráchtála | 4.987 | |
| Táillí Pleanála | 0.494 | |
| Gníomhaíochtaí Áineasa & Taitneamhachta | 0.213 | |
| Muirir Dóiteáin | 0.553 | |
| Ranníoca Pinsean | 1.174 | |
| NPPR | 1.418 | |
| Ilghnéitheach | 9.445 | |
| Iomlán | 46.956 | 30.161 |

## Liúntais chomhaltaí agus costais i gcomhair Comhdhálacha (€)

| | € |
|---|---|
| Liúntas an Chathaoirligh agus SPC | 65,468 |
| Aiscí Comhairleoirí | 96,000 |
| Costais/Tuarastail | 679,849 |
| Freastal ar Chomhdhálacha thar lear | 16,149 |

Curtha ar fáil ag
Comhairle Chontae na Mí
Sráid an Bhóthair Iarainn
An Uaimh
Contae na Mí
Tel: (046) 9097000
Facs: (046) 9097001
www.meath.ie
info@meathcoco.ie

comhairle chontae na mí
meath county council